Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 7 Meitheamh 2023**
**(OR. en)**

**9955/23**

**SOC 410**
**EMPL 287**
**ECOFIN 542**
**EDUC 239**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | An Coiste Fostaíochta agus an Coiste um Chosaint Shóisialta |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Measúnú ar na Moltaí Tír-shonracha do 2023 agus cur chun feidhme na Moltaí Tír-shonracha do 2022: Tuairim an Choiste Fostaíochta agus an Choiste um Chosaint Shóisialta<br>- Formhuiniú |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo an Tuairim thuasluaite chun go bhformheasfar í ag an gcruinniú a bheidh ag an gComhairle (EPSCO) an 12 Meitheamh 2023.

**IARSCRÍBHINN**

**Tuairim Chothrománach**

**an Choiste Fostaíochta agus an Choiste um Chosaint Shóisialta**

**maidir le timthriall 2023 den Seimeastar Eorpach**

## Brollach

Bunaithe ar fhorálacha Theidil IX agus X den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE); sainordú na gCoistí a thugtar le hAirteagail 148, 150 agus 160; agus na Cinntí ón gComhairle lena mbunaítear na Coistí, an Coiste Fostaíochta (EMCO) agus an Coiste um Chosaint Shóisialta (SPC), rinneadh scrúdú ar an dul chun cinn atá déanta ag na Ballstáit maidir le cur chun feidhme mholtaí tír-shonracha a d'eisigh Comhairle an Aontais Eorpaigh i réimsí na fostaíochta, scileanna, na cosanta sóisialta agus an chuimsithe shóisialta idir 2019 agus 2022[1].

Le linn thimthriall an tSeimeastair, ag eascairt as na tograí faoi seach a thíolaic an Coimisiún Eorpach agus i gcomhréir le hAirteagal 148 CFAE, in 2023 chuidigh na Coistí, freisin, le bailchríoch a chur ar an *Moladh* nua *maidir le Beartas Eacnamaíoch an Limistéir Euro (EAR),* ar an *Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht (JER)* agus ar na *Moltaí Tírshonracha*. Ina theannta sin, ullmhaíodh Conclúidí ón gComhairle mar fhreagairt ar Shuirbhé Bliantúil Fáis Inbhuanaithe 2023 agus an Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht 2023.

---

[1] Ghlac na Coistí dhá chur chuige éagsúla chun a ngníomhaíochtaí faireachais iltaobhaigh faoi seach a dhéanamh in 2023. Cé gur roghnaigh SPC athbhreithniú a dhéanamh ar dhul chun cinn na sraithe moltaí tír-shonracha is déanaí a eisíodh in 2022, de bhreis orthu sin, bheartaigh EMCO leanúint de mheasúnú a dhéanamh ar dhul chun cinn roinnt moltaí tír-shonracha a bhí ann san am a caitheadh agus a mheastar a bheith ábhartha go fóill, agus iad a chomhlánú tuilleadh le dúshláin bhreise a eascraíonn as a uirlisí faireacháin (amhail an Monatóir ar Fheidhmíocht na Fostaíochta agus an Scórchlár Sóisialta).

In 2023, rinne EMCO agus SPC machnamh freisin ar conas gné shóisialta an tSeimeastair Eorpaigh a neartú, i gcomhréir leis na sainorduithe as a chéile a fuarthas ó Uachtaránacht na Fraince, Uachtaránacht na Seicia agus Uachtaránacht na Sualainne tar éis don Bheilg agus don Spáinn moladh a dhéanamh '*Nós Imeachta um Míchothromaíochtaí Sóisialta*' (SIP) a thabhairt isteach. Go háirithe, tar éis Meitheal chomhpháirteach thiomnaithe a bhunú ar cuireadh de chúram uirthi scrúdú breise a dhéanamh ar na saincheisteanna dá dtagraítear sa Tuairim uathu a ullmhaíodh i mí na Bealtaine 2022[2], cheap na Coistí sraith *de Theachtaireachtaí Ríthábhachtacha* ina ndearnadh achoimre ar thorthaí tuarascála teicniúla maidir le comhtháthú féideartha *Creata um Chóineasú Sóisialta (SCF)* sa Seimeastar Eorpach[3].

Tá tuairimí foriomlána na gCoistí maidir le gnéithe rialachais an tSeimeastair Eorpaigh i **Roinn 1** den tuairim seo. Tá machnamh i **Roinn 2** maidir leis na tograí le haghaidh moltaí tírshonracha 2023 a ghlac an Coimisiún Eorpach agus a cuireadh faoi bhráid EMCO agus SPC an 25 Bealtaine 2023. I **Roinn 3** tá toradh an scrúdaithe ar dhul chun cinn na mBallstát i dtreo chur chun feidhme moltaí tír-shonracha ábhartha 2019-2022 agus na dúshláin ghaolmhara, i bhfoirm teachtaireachtaí téamacha arna n-eascairt as na hathbhreithnithe faireachais iltaobhaigh a rinne na coistí. Tá conclúidí tírshonracha iniata mar **iarscríbhinní**.

[2] Doic 9222/22 den Chomhairle.

[3] 9481/23 den Chomhairle, bunaithe ar an tuarascáil theicniúil arna hullmhú ag Meitheal Chomhpháirteach.

## Roinn 1

## Gnéithe rialachais den Seimeastar Eorpach

Le linn thimthriall 2023 an tSeimeastair Eorpaigh, agus go háirithe i gcomhthéacs na treorach beartais a cheap an Coimisiún, ba dhíol sásaimh do EMCO agus do SPC an **machnamh leanúnach ar na ceithre ghné den 'inbhuanaitheacht iomaíoch'**, an díriú ar **chur chun feidhme Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta**, chomh maith le **comhtháthú phríomhspriocanna an Aontais agus na cinn náisiúnta do 2030 maidir le fostaíocht, scileanna agus laghdú na bochtaineachta**[4]. Mar a bunaíodh le Clár Oibre Straitéiseach an Aontais 2019-2024[5], ba cheart cur chun feidhme an Cholúin a bheith ina phríomhthosaíocht ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta, agus aird chuí á tabhairt ar na hinniúlachtaí faoi seach agus ar phrionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta. Sa chomhthéacs sin, ba cheart **ról lárnach** a bheith ag an Seimeastar Eorpach — mar chreat an Aontais chun beartais eacnamaíocha, fhioscacha, fostaíochta agus shóisialta a chomhordú agus faireachas a dhéanamh orthu, i gcomhréir leis an gConradh — **chun tacú le cur chun feidhme an Cholúin sna Ballstáit.**

---

4 Ba cheart 78 % ar a laghad den phobal idir 20 agus 64 bliana d'aois a bheith fostaithe; ba cheart do 60 % ar a laghad de dhaoine fásta (idir 25-64 bliana d'aois) a bheith rannpháirteach i ngníomhaíochtaí foghlama gach bliain; ba cheart laghdú nach lú ná 15 mhilliún a dhéanamh ar líon daoine atá i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta (le hais 2019).

5 Ag an gcruinniú a bhí aici sa Bhruiséil ar an 20 Meitheamh 2019, tháinig an Chomhairle Eorpach ar chomhaontú maidir le clár oibre don Aontas Eorpach don chéad chúig bliana eile. Le 'clár oibre straitéiseach nua 2019-2024' leagtar amach na réimsí tosaíochta a stiúrfaidh obair na Comhairle Eorpaí agus a thabharfaidh treoir do chláir oibre institiúidí eile de chuid an Aontais.

Tá cur chun feidhme na **bPleananna Téarnaimh agus Athléimneachta (RRPanna)** fós leabaithe sa Seimeastar Eorpach, lena n-áirítear i ndáil le rolladh amach **Phlean REPowerEU** darb aidhm spleáchas na hEorpa ar bhreoslaí iontaise a laghdú go tapa agus dlús a chur leis an aistriú glas[6]. I bhfianaise thionchar na RRPanna maidir le ceapadh na treorach beartais laistigh den Seimeastar, athdhearbhaíonn EMCO agus SPC **gur cheart do Chomhairle EPSCO a bheith rannpháirteach i ngach ábhar a bhaineann le dúshláin agus tosaíochtaí fostaíochta, scileanna agus beartais shóisialta,** chun treoir pholaitiúil, comhleanúnachas beartais, úinéireacht agus comhsheasmhacht a áirithiú i gcur chun feidhme na n-athchóirithe agus na n-infheistíochtaí sna réimsí beartais sin ar an leibhéal náisiúnta.

I gcomhréir leis an méid thuas, **tar éis a chur in iúl gur díol sásaimh dó gur cuireadh tús arís le timthriall níos caighdeánaí in 2022** tar éis na gcoigeartuithe sealadacha ar an Seimeastar in 2021, iarrann an Coiste Fostaíochta agus an Coiste um Chosaint Shóisialta **go mbunófaí comhordú níos dlúithe idir beartais eacnamaíocha, fhioscacha, fostaíochta agus shóisialta**[7], i bhfianaise raon leathan na rioscaí socheacnamaíocha agus na ndúshlán beartais atá ann faoi láthair a bhfuil tionchar ag cogadh na Rúise foghach ar an Úcráin orthu agus d'fhonn aistrithe córa glasa agus digiteacha agus fás inbhuanaithe agus cuimsitheach a áirithiú. Sa chomhthéacs sin, is príomhthosaíocht i gcónaí é ról **EPSCO agus a chuid Coistí a neartú laistigh den Seimeastar Eorpach** — i bhfianaise an athbhreithnithe atá ar siúl faoi láthair ar an Rialachas Eacnamaíoch freisin — agus é á aithint ag an am céanna **gur gá leanúint de na hiarrachtaí atá á ndéanamh uirlisí faireacháin na gCoistí a nuachóiriú, díriú reatha an tSeimeastair a choinneáil i gcomhréir leis an gConradh, agus rioscaí a bhaineann le hualach riaracháin a sheachaint.**

---

6 I mí na Bealtaine 2022, mhol an Coimisiún leasuithe spriocdhírithe a dhéanamh ar Rialachán RRF chun caibidlí tiomnaithe REPowerEU a chomhtháthú sna Pleananna Téarnaimh agus Athléimneachta atá ag na Ballstáit cheana. Tar éis an chomhaontaithe pholaitiúil ar thángthas air idir Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle an 14 Nollaig 2022, rinneadh an fhéidearthacht caibidlí nua REPowerEU a chur isteach ar bhonn foirmiúil trí Rialachán 2023/435 an 27 Feabhra 2023.

7 I gcomhréir leis na hinniúlachtaí atá bunaithe ar na Conarthaí faoi seach agus le prionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta.

Tar éis an scrúdaithe a rinneadh i gcomhthráth le timthriall Sheimeastar 2023 maidir leis an bhféidearthacht Creat um Chóineasú Sóisialta a chomhtháthú agus tar éis aird a thabhairt ar na tograí reachtacha a thíolaic an Coimisiún an 26 Aibreán 2023 le haghaidh creat athchóirithe rialachais eacnamaíoch de chuid an Aontais[8], **ba dhíol sásaimh do EMCO agus SPC dá ndéanfaí machnamh comhpháirteach ar thodhchaí an tSeimeastair Eorpaigh ar leibhéal teicniúil agus polaitiúil le *filière* ECOFIN**[9], lena n-áirítear maidir leis an gcaoi a ndéanfar, leis na tograí le haghaidh rialachas eacnamaíoch athchóirithe san Aontas, an gá atá le saothrú athchóirithe struchtúracha a chomhtháthú sa réimse fostaíochta, scileanna agus sóisialta chun Colún Eorpach na gCeart Sóisialta a chur chun feidhme.

Cuireann na Coistí in iúl gur mór acu an **deis a bheith ann rannchuidiú leis an machnamh leanúnach ar thodhchaí an Bheartais Comhtháthaithe roimh an gcéad timthriall clársceidealaithe eile**[10], i bhfianaise na nasc tábhachtach atá aige leis an Seimeastar Eorpach agus an cistiú breise atá ar fáil tríd an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta. Tá EMCO agus SPC den tuairim go bhfuil sé tábhachtach, chun tacú le huaillmhianta Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta agus rannchuidiú go gníomhach le príomhspriocanna an Aontais agus leis na príomhspriocanna náisiúnta do 2030 a bhaint amach, **tuilleadh plé a dhéanamh ar éifeachtacht an Bheartais Comhtháthaithe,** lena n-áirítear ailíniú an Bheartais leis na moltaí tírshonracha arna n-eisiúint i gcomhthéacs an tSeimeastair, agus **machnamh a dhéanamh ar na ceachtanna a foghlaimíodh ó chur chun feidhme na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta chun bonn eolais a chur faoi cheapadh chistí eile de chuid an Aontais amach anseo.**

---

**8** Ar fáil ar líne agus ceaptha ar bhonn na gConclúidí ón gComhairle maidir le 'Treoirlínte le haghaidh athchóiriú ar chreat rialachais eacnamaíoch an Aontais' a formheasadh ag an gcruinniú a bhí ag Comhairle ECOFIN an 14 Márta 2023.

**9** Sa chomhthéacs sin, ag an gcruinniú a bhí ag EPC an 16 Bealtaine 2023, d'iarr roinnt comhaltaí EPC go neartófaí an comhar idir Coistí EPSCO agus ECOFIN.

**10** I mí Eanáir 2023, chuir Meitheal Ardleibhéil um Thodhchaí an Bheartais Comhtháthaithe (Meitheal de speisialtóirí ardleibhéil ar thodhchaí Bheartas Comhtháthaithe an Aontais Eorpaigh, 'HLG'4) tús lena cuid oibre. Sa Mheitheal sin, tá 18 n-ionadaí ón saol acadúil, ó údaráis náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla, ó chomhpháirtithe sóisialta agus ó ionadaithe na sochaí sibhialta a ceapadh ina gcáil phearsanta. Ba cheart don HLG tuarascáil a ullmhú go luath in 2024. I lár na bliana 2025, meastar go nglacfaidh an Coimisiún na tograí don chéad Chreat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI) eile. Sa chomhthéacs sin, bhí an chéad mhalartú tuairimí ag EMCO agus SPC an 11 Bealtaine 2023.

Ar deireadh, bhí plé cuimsitheach ag EMCO agus SPC freisin leis na **Comhpháirtithe Sóisialta Eorpacha** agus le hionadaithe ó **Eagraíochtaí Sochaí Sibhialta**, lena n-áirítear maidir le Pacáiste an Earraigh, as ar tháinig idirphlé cuiditheach substainteach, a breithníodh agus an tuairim seo á hullmhú. Measann na Coistí gur **tosca tábhachtach é** chun go n-éireoidh le comhordú agus cur chun feidhme an bheartais eacnamaíoch, fostaíochta agus shóisialta **rannpháirtíocht thráthúil, fhóinteach na gcomhpháirtithe sóisialta, na sochaí sibhialta agus na ngeallsealbhóirí ábhartha ag gach céim de thimthriall an tSeimeastair Eorpaigh agus an cheaptha beartas.**

## Roinn 2

## Measúnú ar na tograí ón gCoimisiún le haghaidh Moltaí Tírshonracha do 2023

Le scaoileadh na dtograí le haghaidh moltaí tír-shonracha 2023, a ghlac an Coimisiún an 24 Bealtaine 2023, **deimhníodh go ginearálta an cur chuige a bhunaigh an Coimisiún in 2022 i ndáil leis an treoir bheartais do na Ballstáit.** Tugann na Coistí dá n-aire go bhfuil **líon na moltaí tírshonracha sna réimsí faoi inniúlacht EPSCO níos teoranta i gcónaí ná mar atá i dtimthriallta an tSeimeastair roimh thabhairt isteach na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta**, i gcomhréir le cur chuige 'cuíchóirithe' agus cineál cuimsitheach na bpleananna téarnaimh agus athléimneachta á chur san áireamh.

Tugann EMCO agus SPC dá n-aire freisin **líon níos airde na moltaí tír-shonracha 'cothrománacha' atá molta do na Ballstáit uile** - go háirithe maidir le bearta fioscacha spriocdhírithe lena gcosnaítear teaghlaigh leochaileacha ar bhoilsciú ard agus ar ardú tobann na bpraghsanna fuinnimh, scileanna glasa a fháil, agus cur chun feidhme clár Beartais Comhtháthaithe agus na RRPanna, lena n-áirítear bailchríoch a chur ar chaibidlí nua REPowerEU. Cé gur díol sásaimh iad na hiarrachtaí a dhéantar chun Seimeastar cuíchóirithe a áirithiú, **ba cheart cineál tírshonrach na moltaí tírshonracha a chaomhnú, go háirithe i bhfianaise an líon níos teoranta de mholtaí tírshonracha atá beartaithe maidir le saincheisteanna fostaíochta agus sóisialta.** Athdhearbhaíonn na Coistí a thábhachtaí atá sé faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme na n-athchóirithe fostaíochta agus sóisialta faoi na RRPanna mar chuid dá ngníomhaíochtaí bliantúla faireachais agus athbhreithnithe iltaobhaigh.

Le linn an phlé ar thograí CSR 2023, **bhíothas in ann scrúdú éifeachtach a dhéanamh ar roinnt saincheisteanna beartais de chineál trasearnálach de bharr na n-idirghníomhaíochtaí leis an gCoiste um Beartas Eacnamaíoch (CPE) agus le Comhaltaí Malartacha an Choiste Eacnamaíoch (EFCA) agus Airgeadais.** I gcomhréir leis an gcleachtas caighdeánach, rinneadh plé in EMCO ar moltaí tír-shonracha a bhaineann le hoideachas, oiliúint agus scileanna agus toscairí ón gCoiste Oideachais (EDUC) páirteach ann. Pléadh moltaí tírshonracha a bhaineann leis an tsláinte in SPC, agus saineolaithe náisiúnta a bheith rannpháirteach sa phlé. **Cuireann EMCO agus SPC chun suntais go bhfuil tionchar diúltach ag an amlíne ciorraithe athfhillteach le haghaidh na moltaí tírshonracha sna Coistí a phlé agus a thabhairt chun críche, ar a gcumas páirt fhóinteach a ghlacadh i bpléití iltaobhacha agus iarrann siad go ndéanfaí machnamh dáiríre maidir le féilire thimthriallta an tSeimeastair amach anseo.**

## Roinn 3

### Na príomhthorthaí ó athbhreithnithe faireachais iltaobhaigh an Choiste Fostaíochta agus an Choiste um Chosaint Shóisialta ar chur chun feidhme moltaí tír-shonracha a bhí ann roimhe seo

**Tá an faireachas iltaobhach ar cheann de phríomhchúraimí an Choiste Fostaíochta agus an Choiste um Chosaint Shóisialta faoi chuimsiú an tSeimeastair Eorpaigh.**[11] Is éard atá i gceist leis, *inter alia*[12], measúnú domhain ar na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí a d'éirigh as na Moltaí Tírshonracha a d'eisigh an Chomhairle le linn timthriallta eile den Seimeastar Eorpach. Dá réir sin, tá ról ríthábhachtach ag na gníomhaíochtaí faireachais iltaobhaigh a dhéanann EMCO agus SPC maidir le tacú le hiarrachtaí athchóirithe na mBallstát trí eolas faoi bheartais agus dea-chleachtais a mhalartú agus trí chomhthuiscint ar dhúshláin a bhaineann go sonrach le tíortha ar leith a chur chun cinn d'fhonn an Chomhairle a chur ar an eolas.

---

[11] I gcás EMCO, tá an cleachtadh bunaithe ar Airteagail 148 agus 150 CFAE, agus i gcás SPC tá sé bunaithe ar Airteagal 160 CFAE. I Rialachán 1175/2011 de chuid an Aontais (lena leasaítear 1466/1997), sainaithnítear EMCO agus SPC i measc na gcoistí ábhartha atá le bheith rannpháirteach i bpróiseas an tSeimeastair Eorpaigh de réir a n-inniúlachtaí faoi seach. Leis an dá Chinneadh ón gComhairle lena mbunaítear na Coistí (2015/772, lena n-aisghairtear 2000/98 do EMCO; agus 2015/773, lena n-aisghairtear 2004/689 le haghaidh SPC), tugadh sainordú dóibh freisin rannchuidiú le gach gné den Seimeastar Eorpach ina réimsí faoi seach.

[12] In EMCO, tá trí shnáithe sna gníomhaíochtaí faireachais iltaobhaigh: (i.) na 'athbhreithnithe CSR', bunaithe ar mholtaí tír-shonracha san am a caitheadh agus, i mblianta áirithe, torthaí arna sainaithint ag uirlisí faireacháin an Choiste; (ii.) na 'athbhreithnithe téamacha', bunaithe ar na Moltaí ón gComhairle arna nglacadh ag Comhairle EPSCO agus atá dírithe ar na Ballstáit uile; agus (iii.) an 'athbhreithniú ar an Idirphlé Sóisialta', bunaithe ar fhorálacha Threoirlíne Fostaíochta 7. In SPC, chomh maith leis na 'athbhreithnithe CSR', pléitear cur chun feidhme Moltaí ón gComhairle go minic ar bhonn socruithe ad hoc (e.g. plé ar phleananna náisiúnta).

In 2023, tar éis filleadh ar Sheimeastar rialta, ach a bhí níos cuíchóirithe in 2022, **chuir an Coiste um Chosaint Shóisialta tús arís leis an gcur chuige traidisiúnta maidir le measúnú a dhéanamh ar an tsraith is déanaí de mholtaí tírshonracha**[13] (i.e. iad siúd a eisíodh in 2022), agus **roghnaigh EMCO roinnt dúshlán comhlántach** arna sainaithint ar bhonn a uirlisí faireacháin agus an dul chun cinn a rinneadh maidir le cur chun feidhme mholtaí tírshonracha 2019-2020 **a chur le moltaí tírshonracha nua 2022**. Rinne an Coiste um Chosaint Shóisialta agus an Coiste Fostaíochta athbhreithniú comhpháirteach ar roinnt moltaí tírshonracha 2022 a ceapadh a bheith chun leasa choitinn freisin, de réir an chleachtais rathúil a bunaíodh in 2020. Ag an am céanna, **bhí an ghné théamach fós lárnach in 2023 i bhfoirm dianphléití** maidir le gach réimse beartais faoi inniúlacht na gCoistí. Cuireadh gnéithe téamacha an phlé sa dá Choiste san áireamh nuair a bhí na conclúidí cothrománacha, mar a chuirtear i láthair sa roinn seo iad, á n-ullmhú.

Sa chéad leath den bhliain 2023, rinne **an Coiste Fostaíochta agus an Coiste um Chosaint Shóisialta 76 athbhreithniú thírshonracha**, lena n-áirítear 5 n-athbhreithniú i réimsí leasa choitinn a rinne an dá Choiste go comhpháirteach. Rinne an Coiste Fostaíochta na hathbhreithnithe ar oideachas, ar oiliúint agus ar scileanna (19 san iomlán) le rannpháirtíocht toscairí ón gCoiste Oideachais, agus d'fhreastail ionadaithe ó chomhpháirtithe sóisialta an Aontais agus roinnt dá gcleamhnaithe náisiúnta ar na hathbhreithnithe a rinne an Coiste Fostaíochta ar an idirphlé sóisialta (seacht san iomlán). Rinneadh na hathbhreithnithe i réimse an chúraim sláinte (cúig san iomlán) sa Choiste um Chosaint Shóisialta le rannpháirtíocht ghníomhach ionadaithe náisiúnta ó na hAireachtaí sláinte. I gcás na n-athbhreithnithe tírshonracha uile, bunaíodh na meastóireachtaí ar thuairisciú na mBallstát ar na bearta is déanaí a rinneadh, agus ina dhiaidh sin rinne na Ballstáit eile agus an Coimisiún measúnuithe ar na bearta sin. Thángthas ar chomhaontú frithpháirteach maidir leis na conclúidí tírshonracha agus tá siad i gceangal leis an tuairim seo.

---

13 In 2020, rinne na Coistí measúnú ar chur chun feidhme mholtaí tírshonracha 2019 amháin, trí nós imeachta i scríbhinn den chuid is mó mar gheall ar phaindéim COVID-19. In 2021, chomhaontaigh na Coistí athbhreithniú a dhéanamh ar chur chun feidhme moltaí tírshonracha 2020 (dírithe ar phaindéim COVID-19) arna chomhlánú le fothacar de mholtaí tírshonracha ábhartha 2019 (ag tagairt do shaincheisteanna níos struchtúraí atá fós ábhartha). In 2022, deimhníodh cur chuige na bliana roimhe sin ach leasaíodh é chun líon na n-athbhreithnithe a laghdú agus chun an easpa moltaí tírshonracha in 2021 a chur san áireamh: cé gur bhain an Coiste Fostaíochta úsáid as a chuid uirlisí faireacháin chun measúnú a dhéanamh ar ábharthacht moltaí tírshonracha 2020 agus 2019 agus chun 'dúshláin atá ag teacht chun cinn' a shainaithint nach bhfuil cuimsithe le moltaí roimhe seo, d'iarr an Coiste um Chosaint Shóisialta ar na Ballstáit 'roghnú a bheith páirteach' le go n-athbhreithneofá iad agus rinne na hathbhreithnithe níos láidre le pléití téamacha níos doimhne ar na réimsí beartais.

## 3.1. Athchóirithe i réimse an idirphlé shóisialta

An 7 Samhain 2022, rinne an Coiste Fostaíochta a athbhreithniú bliantúil ar an idirphlé sóisialta leis na comhpháirtithe sóisialta Eorpacha agus náisiúnta. Dírithe ar cháilíocht agus éifeachtacht an idirphlé shóisialta a mheas, i bhfianaise na dTreoirlínte Fostaíochta, feabhsaíodh athbhreithniú 2022 le plé téamach ar ról an idirphlé shóisialta maidir le haistriú cothrom i dtreo na haeráidneodrachta a áirithiú, chomh maith leis an bplé ar roinnt samplaí náisiúnta de chreataí institiúideacha, rannpháirtíocht na gcomhpháirtithe sóisialta i gceapadh beartas, agus acmhainneacht na gcomhpháirtithe sóisialta.

Le linn an phlé théamaigh, tugadh chun suntais go bhfuil cur chuige uile-rialtais agus uile-shochaí riachtanach chun an t-aistriú chuig geilleagair agus sochaithe aeráidneodracha a bhaint amach. Tá sé ríthábhachtach, dá bhrí sin, a áirithiú gur féidir leis na comhpháirtithe sóisialta idirghníomhú le gníomhaithe atá ar thús cadhnaíochta ó thaobh próisis de agus go mbeidh siad rannpháirteach ar fud na n-eintiteas agus na leibhéal éagsúil riaracháin náisiúnta. Sa chomhthéacs sin, d’admhaigh roinnt Ballstát go bhfuil gá le tuilleadh iarrachtaí chun creataí leordhóthanacha a chruthú le haghaidh comhairliúcháin, go háirithe idir na comhpháirtithe sóisialta agus na húdaráis fuinnimh agus aeráide, d’fhonn na Pleananna Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide a thabhairt cothrom le dáta in 2023-2024. Ag an am céanna, cuireadh i bhfios go láidir freisin, i bhfianaise chineál ilghnéitheach an phróisis aistrithe agus éagsúlacht na gclaochluithe is gá, go bhfuil gá freisin le comhairliúcháin chórasacha agus ar leithligh le heagraíochtaí na sochaí sibhialta. Leagadh béim freisin ar ghné áitiúil an aistrithe ghlais, agus cuireadh béim ar a thábhachtaí is atá sé na pobail a thabhairt isteach i ndearadh tionscadal ar dócha go mbeidh tionchar mór acu ar na geilleagair áitiúla.

Chuir ionadaithe na bhfostóirí i dtreis go háirithe an t-idirghníomhú idir an t-aistriú digiteach agus an t-aistriú glas, chomh maith leis an ról tábhachtach atá ag an ngné earnála, go háirithe maidir le huas-sciliú agus athsciliú an lucht saothair i dtreo táirgeadh níos glaise. Mar chuid de bheartais oiliúna náisiúnta, leagadh béim ar dhearadh agus ar inoiriúnaitheacht na gcuraclam agus na gcáilíochtaí d'éilimh athraitheacha ar phoist mar mhír ríthábhachtach le haghaidh comhordú agus tagarfhoghlaim neartaithe ar leibhéal an Aontais. Tarraingíodh aird freisin ar an gcreat tagartha le haghaidh inniúlachtaí inbhuanaitheachta – GreenComp – a comhaontaíodh le déanaí mar uirlis thábhachtach nua a bhfuil tuilleadh machnaimh le déanamh air mar chuid de chomhordú an Choiste Fostaíochta le linn 2023. Cuireadh chun suntais an chastacht a bhaineann leis an measúnú ar na riachtanais scileanna a bheidh ann amach anseo, chomh maith leis an tábhacht ghaolmhar a bhaineann le huirlisí réamhaisnéise scileanna a threisiú. Chuir na ceardchumainn i dtreis chomh maith an ról a d'fhéadfadh a bheith ag soghluaisteacht an lucht saothair chun aghaidh a thabhairt ar an nganntanas scileanna atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo.

Tugadh aghaidh sa phlé téamach freisin ar iarmhairtí chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine ar phraghsanna fuinnimh. Luadh ról an chánachais, ról na cosanta sóisialta agus an gá atá le díriú go cúramach orthu siúd a bhfuil na bearta tacaíochta do theaghlaigh agus do chuideachtaí ag teastáil uathu agus tá roinnt comhpháirtithe sóisialta agus Ballstát den tuairim go mbeadh sásra atá cosúil le SURE iomchuí chun tionchar an ardaithe ar phraghsanna fuinnimh agus bia ar gheilleagar na hEorpa a mhaolú nó chun aistriú glas cóir a chothú go héifeachtach. Luadh freisin go bhféadfaí sásra sealadach na caidhpe praghais a thabhairt isteach ar mhargadh gáis na hEorpa.

Cuireadh chun suntais freisin an tábhacht a bhaineann le húsáid mhaith a bhaint as na hacmhainní breise a fuair rialtais trí chánacha ar thráchtearraí agus ar tháirgí eile i gcomhthéacs an bhoilscithe ard.

Tá ról tábhachtach ag comhpháirtithe sóisialta náisiúnta sa phlé sin i bhfianaise an fhorluí idir an fhreagairt bheartais ar an ngéarchéim fuinnimh, lena n-áirítear maidir le maoiniú na cosanta sóisialta, agus a gcómhargáil, lena n-áirítear maidir le pá agus rochtain ar oiliúint.

Cuireadh chun suntais sna hathbhreithnithe tírshonracha gur fearr ná leordhóthanach atá an creat institiúideach don idirphlé sóisialta i ngeall le gach Ballstát. Mar sin féin, is den ríthábhacht fós é nach rannpháirtíocht fhoirmiúil chomhpháirtithe amháin a bheadh ann ach go bhféadfaí próiseas comhairliúcháin tráthúil agus fiúntach a áirithiú le linn an phróisis déanta beartas ar fad. Is féidir feabhas a chur ar cháilíocht na gcomhairliúchán freisin nuair a bhíonn torthaí fianaise-bhunaithe agus measúnuithe tionchair *ex-ante* ar an reachtaíocht atá beartaithe mar bhonn taca leo.

Tugadh faoi deara freisin, go háirithe le linn géarchéime, mar shampla iad siúd a ghin paindéim COVID-19 agus an t-ardú ar phraghsanna fuinnimh agus bia, go bhfuil sé ríthábhachtach i gcónaí cothromaíocht a bhaint amach idir an gá ag rialtais freagairt go pras do riachtanais na ngeilleagar agus na sochaithe atá ag teacht chun cinn agus an gá atá le ról fónta a thabhairt do na comhpháirtithe sóisialta trí am leordhóthanach d’ionchuir a thabhairt dóibh. I gcomhthéacs den sórt sin, tá ról ag an bhfothú acmhainneachta freisin, toisc go bhféadfadh bacainní breise a bheith le sárú ag na comhpháirtithe sóisialta sin nach bhfuil dóthain acmhainneachta acu le bheith rannpháirteach go pras i gcomhairliúcháin feasacha.

Is díol imní é go bhfuil cumhdach cómhargála fós lag i roinnt Ballstát, go háirithe san earnáil phríobháideach, agus é tugtha faoi deara go bhfuil ballraíocht laghdaithe i mBallstáit eile. I gcásanna áirithe, is saincheist fós é an measúnú ceart a dhéantar ar ionadaíochas na gcomhpháirtithe sóisialta. I gcás na mBallstát sin lena mbaineann, beidh sé tábhachtach go n-úsáidfear cistí CSE+ 2021-2027 d’ fhothú acmhainneachta na gcomhpháirtithe sóisialta ar bhealach a mbeidh tionchar aige. Ina theannta sin, i gcomhréir le Treoir nua an Aontais maidir le pá íosta leordhóthanach, déanfaidh roinnt Ballstát iarrachtaí níos mó chun dálaí cumasúcháin feabhsaithe a chur ar fáil agus chun plean gníomhaíochta le haghaidh cómhargála a chur ar bun.

**3.2. Athchóirithe i réimse dheighilt mhargadh an tsaothair, cánachas saothair agus na hoibre neamhdhearbhaithe**

An 10 Márta 2023, thionól an Coiste Fostaíochta a athbhreithniú bliantúil ar chánachas saothair agus ar dheighilt mhargadh an tsaothair arb é is aidhm dó measúnú a dhéanamh ar an dul chun cinn i dtreo Moltaí Tírshonracha 2019-2022 a chur chun feidhme, chomh maith le haghaidh a thabhairt ar dhúshláin bhreise arna sainaithint ag an Monatóir ar Fheidhmíocht na Fostaíochta agus ag an Scórchlár Sóisialta[14]. Sa bhreis ar na hathbhreithnithe tírshonracha, rinneadh plé téamach bunaithe ar phríomhthorthaí Thuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht 2023.

**a. Cánachas Saothair**

Mar gheall ar an ardú atá ag teacht ar phraghsanna fuinnimh agus bia de dheasca ionsaí foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine, in 2022, bhí ar go leor Ballstát bearta a thabhairt isteach chun tionchar an bhoilscithe ar theaghlaigh agus ar ioncam oibrithe a mhaolú. Bhain roinnt tíortha úsáid as an spás fioscach a bhí ar fáil, agus mhéadaigh tíortha eile na hacmhainní a bhí ar fáil, mar shampla, trí chánacha a ghearradh ar ghnóthachain amhantair cuideachtaí fuinnimh. Thug roinnt tíortha aghaidh ar an mbaol go dtiocfadh méadú ar chánachas i gcás ioncam níos ísle ('sracadh fioscach') trí bhogadh réime a athbhreithniú.

[14] I gcomhréir leis na socruithe oibríochtúla a comhaontaíodh do chleachtadh faireachais iltaobhaigh 2023, i bhfianaise na béime ginearálta ar iliomad tacar de mholtaí tírshonracha agus dúshláin bhreise, tugadh an rogha do na Ballstáit gan a bheith páirteach i ngach athbhreithniú i gcás inar aithin siad nach ndearnadh aon dul chun cinn le 12 mhí anuas. Roghnaigh **an Bheilg, an Laitvia agus an tSlóivéin** gan an t-athbhreithniú a dhéanamh. Roghnaigh **an Iodáil agus an tSlóvaic** gan a bheith páirteach i ngeall ar shainchúram níos leithne a moladh tírshonrach 2022 i ndáil le cánachas.

Mar sin féin, tá dul chun cinn déanta ar fud a lán Ballstát maidir leis an gcóras cánach a ghlasú agus maidir le tacaíocht níos fearr a thabhairt d'fhás inbhuanaithe, le meascán de dhreasachtaí do ghníomhaíochtaí atá neamhdhíobhálach don chomhshaol agus dídhreasuithe i ndáil le húsáid iontaisí. Mar sin féin, chun tacú le fás cuimsitheach, tá spás suntasach fós ann i roinnt mhaith Ballstát chun cánachas a aistriú ón saothar agus chun feabhas a chur ar an gcóras sochair cánach. Le rátaí cánach imeallacha dea-dheartha rannpháirtíocht i margadh an tsaothair a chothú, go háirithe rannpháirtíocht an dara saothraí, agus na huaireanta oibre a mhéadú. Ina theannta sin, tá an ding chánach ar oibrithe ar phá íseal fós ard i roinnt mhaith Ballstát.

**b. Deighilt Mhargadh an tSaothair**

Tá tionchar ag deighilt mhargadh an tsaothair ar fud na mBallstát ar ghrúpaí áirithe, go háirithe daoine óga, mná, imircigh agus daoine ar bheagán oiliúna. I gcásanna áirithe, tá ráta ard ann fós d'obair pháirtaimseartha ainneonach, agus rátaí ísle aistrithe ó chonarthaí sealadacha go conarthaí buana. Le linn 2022, lean roinnt mhaith Ballstát dá n-iarrachtaí conarthaí neamhiata a chur chun cinn mar ghnáthshocrú oibre, lena n-áirítear trí reachtaíocht cosanta fostaíochta a dhaingniú maidir le conarthaí sealadacha agus cineálacha eile oibre neamhthipiciúla. Is tosaíocht i gcónaí é i gclár oibre beartais go leor Ballstát dul i ngleic le mí-úsáidí i ndáil leis an úsáid a bhaintear as cineálacha oibre neamhthipiciúla, agus le féinfhostaíocht agus aghaidh a thabhairt ar obair neamhdhearbhaithe.

Chun na críche sin, cuireadh le cigireachtaí saothair níos minice le ceanglais bhreise maidir le cineálacha áirithe post ar théarma seasta, ar nós conarthaí gan íosmhéid uaireanta. Mar sin féin, d'fhéadfadh píosaí reachtaíochta nach ndéanann difear ach do chineálacha aonair conartha a bheith neamhéifeachtach chun dul i ngleic le deighilt mhargadh an tsaothair, mar d'fhéadfaí nach ndéanfaidís ach rogha fostóirí a athrú i dtreo cineálacha eile conarthaí neamhthipiciúla. Agus an gá atá le leibhéal áirithe solúbthachta sa mhargadh saothair a bhaineann le luaineachtaí an timthrialla gnó á chosaint, ba cheart é a bheith d'aidhm ag na hathchóirithe creat comhleanúnach a chruthú a chuirfidh conarthaí neamhiata chun cinn, a chothóidh aistrithe ó phoist shealadacha go poist bhuana, a chuirfidh dreasachtaí d'oiliúint sa láthair oibre chun cinn, a áiritheoidh rochtain ar chosaint shóisialta do chách, agus a chruthóidh cothroime iomaíochta do chuideachtaí.

**3.3. Athchóirithe i réimsí an oideachais, na hoiliúna agus na scileanna**

An 30 Márta agus an 13 Aibreán 2023, thionól an Coiste Fostaíochta a athbhreithniú bliantúil ar Oideachas agus Oiliúint in éineacht leis an gCoiste Oideachais chun measúnú a dhéanamh ar an dul chun cinn i dtreo Moltaí Tírshonracha 2019-2022 a chur chun feidhme, chomh maith le haghaidh a thabhairt ar dhúshláin bhreise arna sainaithint ag an Monatóir ar Fheidhmíocht na Fostaíochta agus ag an Scórchlár Sóisialta[15]. Sa bhreis ar na hathbhreithnithe tírshonracha, rinneadh plé téamach bunaithe ar phríomhthorthaí Thuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht 2023, agus ar chás-staidéar a chuir Éire i láthair.

Tá tionchar mór fós ag cúlraí socheacnamaíocha na bhfoghlaimeoirí ar thorthaí oideachais agus oiliúna ar fud na mBallstát. Stádas socheacnamaíoch faoi mhíbhuntáiste, cúlra imirceach, a bheith de chuid grúpa mionlaigh, nó a bheith ag maireachtáil i gceantar tuaithe, fós, is iad siúd na príomhchúiseanna leis na bearnaí atá ann faoi láthair. Is mó an seans go mbeidh foghlaimeoirí faoi mhíbhuntáiste chun deiridh ar ghrúpaí eile sa léitheoireacht, sa mhatamaitic agus san eolaíocht, agus go bhfágfaidh siad an luathoideachas nó an luathoiliúint. Ina theannta sin, tá rannpháirtíocht sa luath-óige agus sa chúram fós faoi bhun an mheáin do leanaí atá i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta agus do ghrúpaí leochaileacha. Cé go bhfuil sprioc an Limistéir Eorpaigh Oideachais do 2030 bainte amach ag 13 Bhallstát maidir le gnóthachtáil oideachais threasaigh, tá roinnt tíortha chun deiridh. I roinnt mhaith tíortha, tá difríochtaí suntasacha idir na hinscní agus tá siad ag dul i méid. Cé go n-éiríonn níos fearr le mná ná fir ó thaobh gnóthachtáil san oideachas treasach ar an iomlán, tá a sciar i réimsí STEM níos ísle. Tá ganntanais múinteoirí ag dul in olcas sna Ballstáit, go háirithe in ábhair STEM agus in áiteanna atá faoi mhíbhuntáiste socheacnamaíoch.

---

15 I gcomhréir leis na socruithe oibríochtúla a comhaontaíodh do chleachtadh faireachais iltaobhaigh 2023, i bhfianaise na béime ginearálta ar iliomad tacar de mholtaí tírshonracha agus dúshláin bhreise, tugadh an rogha do na Ballstáit gan a bheith páirteach i ngach athbhreithniú i gcás inar aithin siad nach ndearnadh aon dul chun cinn le 12 mhí anuas. Roghnaigh **an Chipir, an Ghearmáin agus an Ungáir** gan an t-athbhreithniú a dhéanamh.

Mar fhreagairt ar na dúshláin thuasluaite, tá athchóirithe curtha chun feidhme ag na Ballstáit nó tá siad á gcur chun feidhme acu arb é is aidhm dóibh díriú níos fearr ar ghrúpaí leochaileacha agus aghaidh a thabhairt ar éagothromaíochtaí réigiúnacha a bhaineann le rochtain ar oideachais ar ardcháilíocht, agus an t-ardoideachas a nuachóiriú, tríd an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (RRF), trí chistí an Bheartais Comhtháthaithe, agus tríd an gCiste um Aistriú Cóir, i measc nithe eile. Ina theannta sin, tá iarrachtaí á ndéanamh go leanfar den oideachas a bhaineann leis an digitiú, leis an nglasú agus leis an bhforbairt inbhuanaithe a chomhtháthú i gcuraclaim ó na céimeanna is luaithe den oideachas.

Cé go bhfuil dlús á chur ag na Ballstáit lena gcuid iarrachtaí chun feabhas a chur ar scileanna múinteoirí, go háirithe scileanna digiteacha, tá bearta á gcur chun feidhme freisin chun aghaidh a thabhairt ar ghanntanais, cuir i gcás gairm na múinteoireachta a dhéanamh níos tarraingtí agus conairí malartacha a thabhairt isteach i ngairm na múinteoireachta. D'fhéadfadh sé gur deis nach bhfacthas riamh roimhe seo é forógra Bhliain Eorpach na Scileanna do na Ballstáit chun feasacht a mhúscailt i measc shaoránaigh an Aontais faoin tábhacht a bhaineann lena gcuid scileanna a fhorbairt, d'fhonn príomhsprioc an Aontais do 2030 agus na spriocanna náisiúnta gaolmhara maidir le scileanna a bhaint amach, i measc nithe eile. Léiríonn an fhianaise go bhfuil éagothromaíochtaí fós ann a bhaineann le rannpháirtíocht san fhoghlaim aosach, agus meastar nach bhfuil daoine a bhfuil cúnamh de dhíth orthu — e.g. daoine ar bheagán oiliúna — chomh rannpháirteach céanna leis na daoine ar mó an t-oideachas atá orthu. Tá rannpháirtíocht san fhoghlaim níos ísle freisin i gcás na ndaoine sin atá ina gcónaí i gceantair thuaithe, rud a léiríonn gur gá an bonneagar oiliúna a fheabhsú agus leanúint d'infheistíocht a dhéanamh sa chianfhoghlaim.

Ainneoin go bhfuil níos mó iarrachtaí á ndéanamh ar fud na mBallstát uile, d'fhéadfaí tosaíocht bhreise a thabhairt do scileanna digiteacha i gcomhthéacs na mbeartas oiliúna, go háirithe sna tíortha sin ina bhfuil an sciar de dhaoine fásta a bhfuil bunscileanna digiteacha acu ar a laghad, íseal. Sna cásanna sin, ba cheart leanúint d'aghaidh a thabhairt ar bhearnaí i scileanna digiteacha, go háirithe nuair a bhíonn tionchar acu ar mhná, ar dhaoine ar bheagán oiliúna, ar dhaoine dífhostaithe, agus ar dhaoine neamhghníomhacha.

Tá beartais uas-scilithe agus athscilithe tugtha isteach ag roinnt Ballstát, nó tá sé beartaithe acu iad a thabhairt isteach, agus é mar chuspóir acu aghaidh a thabhairt ar an nganntanas méadaitheach scileanna in earnálacha ardéilimh, (mar shampla cúram sláinte), dul i ngleic le mímheaitseáil scileanna, agus scileanna an lucht saothair a oiriúnú don saol oibre atá ag athrú, lena n-áirítear le tacaíocht ó na hacmhainní atá ar fáil ó CSE+ agus ó *NextGenerationEU*. Is minice a bhíonn micridhintiúir agus cuntais foghlama aonair á dtástáil mar mhodh chun deiseanna foghlama a dhéanamh níos inrochtana, níos solúbtha agus níos oiriúnaí do riachtanais daoine aonair.
I gcomhthéacs na margaí saothair dochta agus na dífhostaíochta ísle, tá bearta oiliúna á dtabhairt isteach ag na Ballstáit a dhíríonn go príomha ar na daoine is leochailí, tá acmhainneacht na mbeart sin fós gan saothrú.

Tá feasacht ag méadú freisin ar an tábhacht a bhaineann le huirlisí réamhaisnéise scileanna atá fónta iontaofa. Tá an tsaincheist fós ann, i gcásanna áirithe, conas is féidir córais faisnéise scileanna a chomhtháthú níos fearr i mbeartais oideachais agus oiliúna.

## **3.4. Athchóirithe i réimse bheartais ghníomhacha mhargadh an tsaothair agus na seirbhísí poiblí fostaíochta**

An 31 Márta 2023, rinne an Coiste Fostaíochta (EMCO) an t-athbhreithniú bliantúil ar bheartais ghníomhacha mhargadh an tsaothair (ALMPanna) agus ar na seirbhísí poiblí fostaíochta (SPFanna) chun measúnú a dhéanamh ar an dul chun cinn i dtreo moltaí tírshonracha (CSRanna) ábhartha 2019-2022 a chur chun feidhme agus chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin chomhlántacha arna sainaithint sa mhonatóir ar fheidhmíocht na fostaíochta agus sa scórchlár sóisialta[16]. Roimh na hathbhreithnithe tírshonracha, bhí plé téamach ann a bhí bunaithe ar phríomhthorthaí Thuarascáil Chomhpháirteach 2023 ar Fhostaíocht, ar ionchur Chathaoirleach Líonra na SPFanna, agus ar an tionscadal a thíolaic an Fhrainc ‘gan aon chríocha le dífhostaíocht fhadtéarmach a bheith ann’.

[16] I gcomhréir leis na socruithe oibríochtúla a comhaontaíodh do chleachtadh faireachais iltaobhaigh 2023, i bhfianaise na béime foriomláine ar iliomad tacar de mholtaí tírshonracha agus i bhfianaise dúshláin bhreise, tugadh an rogha do na Ballstáit diúltú do gach athbhreithniú i gcás inar aithin siad nach ndearnadh aon dul chun cinn le 12 mhí anuas. Roghnaigh **an Bhulgáir agus an Ungáir** gan an t-athbhreithniú a dhéanamh.

In 2022, lean an fhostaíocht de bheith ag fás i ngach Ballstát den Aontas. 74.9 % a bhí ann sa cheathrú ráithe de 2022, bhí ráta fostaíochta AE-27 dhá phointe céatadáin níos airde ná na leibhéil a bhí ann roimh an bpaindéim. Mar sin féin, tá bearnaí suntasacha fós ann idir na Ballstáit agus grúpaí socheacnamaíocha éagsúla. Tá gá fós le hiarrachtaí chun deiseanna fostaíochta ardcháilíochta a chur chun cinn agus rátaí fostaíochta na mban, daoine óga, daoine ar bheagán oiliúna, daoine faoi mhíchumas, daoine ó chúlra imirceach, agus mionlaigh eitneacha, a mhéadú, chun gur féidir spriocanna fostaíochta 2030 den phlean gníomhaíochta maidir le cur chun feidhme Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta a bhaint amach. I gcomhthéacs na bhforbairtí dearfacha i margadh an tsaothair, is díol imní an méadú beag ar an dífhostaíocht fhadtéarmach.

Ós rud é go bhfuil méadú mór tagtha ar an nganntanas saothair agus scileanna, a mbíonn tionchar aige sin ar fhormhór mór gheilleagair na hEorpa, tá na Ballstáit agus a seirbhísí poiblí fostaíochta ag díriú níos mó agus níos mó ar bheartais oiliúna, go háirithe ar scileanna glasa agus digiteacha, mar aon le gairmeacha agus earnálacha a bhfuil éileamh níos mó orthu (e.g. cúram sláinte agus turasóireacht), aistrithe inbhuanaithe isteach i margadh an tsaothair a chothú san áireamh. Mar sin féin, aithnítear go maith an tábhacht a bhaineann le feabhas a chur ar cháilíocht na tacaíochta a thugtar do na grúpaí is leochailí, agus tugadh isteach bearta chun na críche sin, go háirithe chun gairmthreoir agus comhairleoireacht a neartú mar aon le for-rochtain.

Mar sin féin, i roinnt mhaith Ballstát de chuid an Aontais, tá céatadán na gcuardaitheoirí poist atá rannpháirteach i dtionscnaimh bheartas mhargadh an tsaothair i bhfad faoi bhun 40 % agus tá caiteachas ar ALMPanna faoi bhun 2 % den OTI, agus dá bhrí sin is gá cur chun feidhme beart dea-cheaptha a neartú agus dlús a chur leis na hiarrachtaí chun a gcuimsitheacht a fheabhsú. I ndáil leis an méid sin, tá iarrachtaí á ndéanamh chun feabhas a chur ar sholáthar agus acmhainneacht seirbhísí SPFanna, trí uirlisí digiteacha agus trí uirlisí mhargadh an tsaothair agus uirlisí réamhaisnéise scileanna níos fearr. Mar sin féin, tá leibhéal aibíochta eagrúcháin agus acmhainneacht SPFanna fós míchothrom ar fud na mBallstát, agus tá gá fós le hiarrachtaí, i measc nithe eile, chun feabhas a chur ar chomhpháirtíochtaí agus ar chomhar le gníomhaithe eile, mar shampla institiúidí oideachais agus oiliúna agus fostóirí.

Tá an tacaíocht a thugann na Cistí Comhtháthaithe agus cur chun feidhme na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta ag cabhrú le go leor Ballstát aghaidh a thabhairt ar na príomhdhúshláin a bhíonn roimh chur chun feidhme ALMP. D'fhéadfadh ceapadh beartais, áfach, tairbhe a bhaint as meastóireacht níos córasaí ar idirghabhálacha a rinneadh roimhe seo.

## 3.5. Athchóirithe i rannpháirtíocht na mban sa mhargadh saothair trí rochtain ar oideachas agus cúram na luath-óige agus cúram fadtéarmach

An 24 Bealtaine 2023, rinne an Coiste Fostaíochta agus an Coiste um Chosaint Shóisialta an t-athbhreithniú bliantúil ar shaincheisteanna leasa choitinn, go háirithe cosaint shóisialta, tacaíocht ioncaim agus rochtain ar sheirbhísí ag díriú ar rannpháirtíocht na mban atá nasctha le seirbhísí i margadh an tsaothair, chun measúnú a dhéanamh ar an dul chun cinn i dtreo moltaí tírshonracha (CSRanna) ábhartha 2019-2022 a chur chun feidhme. Bhí na hathbhreithnithe bunaithe ar chur i láthair téamach ón gCoimisiún a bhí bunaithe ar chonclúidí ó Thuarascáil Comhpháirteach 2023 ar Fhostaíocht.

Tá bearnaí suntasacha inscne fós ann i dtaca le rannpháirtíocht i margadh an tsaothair agus déine na hoibre i roinnt mhaith tíortha san Aontas, agus tá sciar na n-oibrithe páirtaimseartha i measc na mban atá fostaithe fós 20 pointe céatadáin os cionn líon na bhfear ar an meán san Aontas. Tá freagrachtaí cúraim, lena n-áirítear freagrachtaí do dhaoine a bhfuil cúram fadtéarmach de dhíth orthu agus do leanaí, fós ar cheann de na príomhthosca a chuireann bac ar rannpháirtíocht na mban i margadh an tsaothair agus ar fhostaíocht lánaimseartha i roinnt mhaith Ballstát, a choinníonn thart ar 7.7 milliún bean amach as margadh an tsaothair. Tá tionchar na tuismitheorachta ar fhostaíocht na mban diúltach den chuid is mó san Aontas (-10.6pps) agus bearnaí an-leathan ann i roinnt Ballstát. Ar leibhéal an Aontais, mhéadaigh rannpháirtíocht in oideachas agus cúram na luath-óige (ECEC) i gcás leanaí faoi bhun 3 bliana d'aois go 36.2 % in 2021. Mar sin féin, tá an staid an-éagsúil ó Bhallstát go Ballstát, agus tá go leor acu tite ar gcúl ó thaobh spriocanna athbhreithnithe Barcelona de.

Mar sin féin, tugtar faoi deara go bhfuil dul chun cinn déanta ar bhonn uilechoiteann maidir le rochtain a sholáthar ar oideachas agus ar chúram luath-óige atá inacmhainne agus ar ardchaighdeán, go háirithe trí sholáthar na n-áiteanna atá ar fáil a leathnú agus trí thacú le teaghlaigh ar ioncam íseal rochtain a fháil ar sheirbhísí. I gcásanna áirithe, trí aois an oideachais éigeantaigh a ísliú, tháinig méadú ar rannpháirtíocht in oideachas agus cúram na luath-óige. D'ainneoin na n-iarrachtaí a rinneadh, tá dúshláin shuntasacha fós ann a bhaineann le feabhas a chur ar rochtain do leanaí a bhfuil cúlra socheacnamaíoch bocht acu agus maidir le hoideachas agus cúram na luath-óige a chur in oiriúint do riachtanais leanaí faoi mhíchumas nó a dteastaíonn cúram speisialta uathu.

Is príomh-shaincheisteanna fós iad dul i ngleic leis an ardleibhéal neamhfhoirmiúlachta, drochdhálaí oibre agus ganntanas scileanna in earnáil an chúraim fhadtéarmaigh (LTC) chun rochtain ar chúram fadtéarmach inacmhainne ar ardchaighdeán a áirithiú. Tá bearta á gcur i bhfeidhm chun seirbhísí pobalbhunaithe a fhorbairt, seirbhísí cúraim baile a leathnú, agus ionaid cúraim lae fhadtéarmaigh a chruthú. I gcásanna áirithe, cuireadh maoiniú breise ar fáil chun foireann altranais a oiliúint agus chun tacú le cúramóirí neamhfhoirmiúla chun dul i ngleic le ganntanas foirne.

Tugadh faoi deara freisin iarrachtaí chun an comhordú is gá idir riaracháin éagsúla agus leibhéil éagsúla rialachais a neartú, rud a iarrtar go minic chun seirbhísí ECEC agus LTC a leathnú agus a gcáilíocht a fheabhsú.

Baineadh úsáid fhorleathan as cistí an Aontais, go háirithe an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (RRF) agus Ciste Sóisialta na hEorpa+ (CSE+), chun soláthar sheirbhísí LTC agus ECEC a leathnú, lena n-áirítear chun saoráidí ECEC a thógáil agus a athchóiriú agus chun áiteanna do leanaí a chruthú. Tá sé ríthábhachtach aird chuí a thabhairt ar inbhuanaitheacht na mbeart a chuirfear chun feidhme amach anseo.

Tá dúshláin fós ann maidir le rochtain ar chúram leanaí agus ar chúram fadtéarmach a éascú do leanaí easáitithe agus do dhaoine ón Úcráin atá ag teitheadh ón tír i ngeall ar fhogha na Rúise, lena n-áirítear sa mhéid a bhaineann le mná na hÚcráine a chomhtháthú i margadh an tsaothair.

**3.6. Athchóirithe i réimse na cosanta sóisialta agus an chuimsithe shóisialta**

Tacaíonn beartais um chosaint shóisialta agus um chuimsiú sóisialta le forbairt aonair, le comhtháthú sóisialta a fheabhsú, le torthaí dearfacha i margadh an tsaothair a chothú agus le fás eacnamaíoch a spreagadh. Féadfaidh córais dhea-fheidhmiúla um chosaint shóisialta tionchar géarchéimeanna agus suaití éagsúla ar an duine aonair agus ar an tsochaí a mhaolú, mar a léiríodh le linn phaindéim COVID-19, nó i gcomhthéacs reatha an bhoilscithe aird agus an mhéadaithe thobainn ar chostais fuinnimh.

San obair a rinne an Coiste um Chosaint Shóisialta roimhe seo[17], sainaithníodh laigí áirithe i gcórais na mBallstát um chosaint shóisialta agus um chuimsiú shóisialta, lena n-áirítear maidir le leordhóthanacht agus cumhdach sochar éagsúil, go háirithe d'oibrithe neamhchaighdeánacha agus do dhaoine féinfhostaithe. Is gá córais Eorpacha um chosaint shóisialta a oiriúnú agus a fheabhsú ar bhonn leanúnach chun margaí saothair, forbairtí teicneolaíocha agus athrú déimeagrafach a athrú.

Le Colún Eorpach na gCeart Sóisialta agus lena phlean gníomhaíochta, cuirtear creat beartais ar fáil ar leibhéal an Aontais chun athchóirithe beartais a spreagadh. I measc na dtionscnamh iomadúla atá sa phlean gníomhaíochta, i Moladh 2019, *Council Recommendation on access to social protection for workers and the self-employed [Moladh ón gComhairle maidir le rochtain ar chosaint shóisialta d'oibrithe agus do dhaoine féinfhostaithe]*, agus i Moladh 2023, *Moladh ón gComhairle an 30 Eanáir 2023 maidir le hioncam íosta leordhóthanach lena n-áirithítear cuimsiú gníomhach,* tugtar treoir do na Ballstáit chun feabhas a chur ar a gcórais um chosaint shóisialta agus um chuimsiú sóisialta.

Ina theannta sin, tá tacaíocht do na hiarrachtaí náisiúnta athchóirithe ar fáil ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (RRF), agus EUR 13.4 Billiún leithdháilte ar dheontais agus ar iasachtaí atá nasctha le bearta um chosaint shóisialta agus um chuimsiú sóisialta in 18 mBallstát[18].
I bPleananna Náisiúnta Téarnaimh agus Athléimneachta na mBallstát sin cumhdaítear raon leathan athchóirithe agus infheistíochtaí chun a gcórais náisiúnta um chosaint shóisialta a neartú i ndáil lena n-éifeachtacht, lena gcáilíocht agus lena n-athléimneacht, ag brath ar na riachtanais thírshonracha.

---

17 Tuarascáil Bhliantúil 2021 ón gCoiste um Chosaint Shóisialta.

18 An Bheilg, an Chipir, an Chróit, an Danmhairg, an Fhionlainn, an Fhrainc, an Ghearmáin, an Ghréig, an Iodáil, an Laitvia, an Liotuáin, an Ostair, an Phortaingéil, an Rómáin, an tSeicia, an tSlóvaic, an Spáinn, an tSualainn.

## a. Torthaí cothrománacha na n-athbhreithnithe tírshonracha

Mar chuid dá áthbhreithnithe iltaobhacha ar chur chun feidhme, in Aibreán 2023, rinne an Coiste um Chosaint Shóisialta athbhreithniú ar fheidhmíocht naoi mBallstát a bhfuil moladh tírshonrach (CSRanna) acu i réimse na cosanta sóisialta agus an chuimsithe shóisialta. Rinneadh athbhreithniú ar chúig cinn de mholtaí tírshonracha leasa choitinn ag seisiún comhpháirteach leis an gCoiste Fostaíochta i mí na Bealtaine. Tá tagairtí in ocht gcinn de na moltaí tírshonracha athbhreithnithe a bhaineann le héifeachtacht na gcóras náisiúnta um chosaint shóisialta ó thaobh leordhóthanacht, spriocdhíriú agus chumhdach na sochar tacaíochta ioncaim, in éineacht le rochtain ar sheirbhísí. Moladh do chúig Bhallstát soláthar tithíochta sóisialta agus/nó inacmhainne a neartú. Eisíodh moltaí chuig dhá Bhallstát a bhaineann le soláthar cúraim fhadtéarmaigh agus oideachas agus cúram luath-óige atá inacmhainne ar ardchaighdeáin i gcomhthéacs tacaíocht a thabhairt do rannpháirtíocht na mban i margadh an tsaothair.

Léirigh na hathbhreithnithe tírshonracha ar an gCoiste um Chosaint Shóisialta an méid seo a leanas:

- Tá roinnt iarrachtaí móra ar bun chun athchóiriú a dhéanamh ar na **córais um chosaint shóisialta agus um chuimsiú sóisialta** atá ann cheana, agus na ceachtanna a foghlaimíodh le linn ghéarchéim COVID á gcur i bhfeidhm ag na Ballstáit chun bearta níos buaine a cheapadh a d'fhéadfadh feabhas a chur ar fheidhmiú a gcóras náisiúnta. Is éard atá i gceist leis sin sochair éagsúla airgid thirim agus sochair chomhchineáil a sholáthar go comhtháite, in éineacht le rochtain ar sheirbhísí sóisialta ar ardchaighdeán agus bearta chun comhordú éifeachtach a áirithiú idir seirbhísí atá dírithe ar chuimsiú sóisialta agus ar lánpháirtiú/ath-imeascadh i margadh an tsaothair. Ós rud é go bhfuil formhór na n-athchóirithe a cuireadh i láthair ag an gcéad chéim, tá gá le faireachán agus meastóireacht stóinseach a dhéanamh ar fheidhmíocht chun gur féidir ábharthacht agus rath leanúnach an athchóirithe a áirithiú.

- Ina theannta sin, dhírigh roinnt de na Ballstáit a ndearnadh athbhreithniú orthu ar aghaidh a thabhairt ar dhúshláin na bochtaineachta trí fheabhas a chur ar leordhóthanacht agus ar chumhdach na sochar (e.g. an Ungáir, an Phortaingéil, an Laitvia), mar shampla trína áirithiú go ndéantar innéacsú leordhóthanach ar shochair i gcomhthéacs na rátaí arda boilscithe reatha (e.g. an Laitvia). Don Phortaingéil, don Laitvia agus don Fhionlainn, ní mór díriú ar fheabhas a chur ar éifeachtacht na mbeart sábháilteachta náisiúnta trí shimpliú agus cuíchóiriú, agus tuairiscíonn an Pholainn agus an Ungáir bearta spriocdhírithe a chumhdaíonn aoisghrúpaí áirithe nó réimsí soláthair sochair agus rochtain ar sheirbhísí.

- Dhearbhaigh na hathbhreithnithe **a bhaineann le tithíocht** go bhféadfadh costais tithíochta a bheith ina ndúshlán tromchúiseach do theaghlaigh, go háirithe i gcathracha móra agus do theaghlaigh leochaileacha. Sna tíortha a ndearnadh athbhreithniú orthu, tá aitheantas forleathan polaitiúil gur ann do na dúshláin sin agus tá gealltanais tugtha maidir le gníomhaíocht bheartais, trí phleananna, athchóirithe agus infheistíochtaí. Aithnítear go bhfuil gá le creataí faireacháin agus comhordú beartas tithíochta le beartais chomhlántacha (e.g. tacaíocht ioncaim) agus seirbhísí (e.g. iompar) chun go n-éireoidh leis an ngníomhaíocht sin.

- Tuairiscíonn na Ballstáit a ndearnadh athbhreithniú orthu ar bhearta éagsúla reachtacha agus/nó infheistíochta chun soláthar tithíochta a mhéadú, lena n-áirítear tithíocht ar cíos shóisialta agus/nó inacmhainne. Mar sin féin, bíonn gá le heisíocaíochtaí suntasacha airgeadais agus réamhthréimhse le haghaidh na mbeart sin, rud a d’fhéadfadh moill a chur ar chur chun feidhme na rochtana ar thithíocht leordhóthanach fiú nuair atá pleananna agus beartais tarraingthe suas. D’fhéadfadh an tréimhse reatha ina bhfuil boilsciú ard a bheith ina dúshlán breise do na straitéisí atá i bhfeidhm cheana féin.

- Tá iarrachtaí á ndéanamh freisin chun creat reachtach agus acmhainneacht riaracháin na n-údarás éagsúil a bhfuil baint acu le soláthar tithíochta inacmhainne (an Spáinn, an Liotuáin) a threisiú. Tugtar aird ar leith freisin ar sholáthar seirbhísí le haghaidh riachtanais shonracha, mar shampla tithíocht do dhaoine faoi mhíchumas, beartais 'tithíocht ar dtús' maidir le heaspa dídine, beartais dídheighilte agus cosc a chur ar dhíshealbhú (an Ungáir, an Danmhairg).

- Léirigh athbhreithnithe comhpháirteacha EMCO-SPC maidir le **soláthar oideachais agus cúraim luath-óige** i gcomhthéacs rannpháirtíocht na mban sa mhargadh saothair go bhfuil gá le hiarrachtaí breise chun acmhainneacht a leathnú agus chun iad a dhéanamh níos inacmhainne. Dá dtabharfaí aghaidh ar na hábhair imní sin, bheadh tuismitheoirí in ann rochtain a fháil ar phoist lánaimseartha agus chuirfí feabhas ar dhea-bhail leanaí. Ina theannta sin, agus beagnach duine as gach ceathrar leanaí i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta, beidh gá i gcónaí le hiarrachtaí spriocdhírithe chun tacú le leanaí atá i mbaol agus lena dtuismitheoirí.

**b. Toradh an phlé théamaigh ar Chosaint Shóisialta agus ar Chuimsiú Sóisialta**

Bhí plé téamach an Choiste um Chosaint Shóisialta sa réimse beartais seo dírithe ar an ról atá ag sochair agus ag soláthar seirbhísí chun bochtaineacht a laghdú agus le haghaidh (ath)-lánpháirtiú sa mhargadh saothair. Tugadh tacaíocht dó sin trí chur i láthair an staidéir dar teideal *Exploratory study: filling in the knowledge gaps and identifying strengths and challenges in the effectiveness of Member States' minimum income schemes* [Staidéar taiscéalaíoch: na bearnaí eolais a líonadh agus láidreachtaí agus dúshláin maidir le héifeachtacht scéimeanna ioncaim íosta na mBallstát a shainaithint]. Sa phlé a lean, d'fhéach na toscairí ar an tslí a bhféadfadh gnéithe éagsúla den dearadh beartais idirghníomhú agus ar cad iad na tosca a chuireann rath ar sheachadadh comhtháite sochar airgid agus beartas gníomhachtaithe.

Léiríodh an méid seo a leanas sa phlé:

- Measann na Ballstáit gur infheistíocht agus toisc tháirgiúil iad beartais shóisialta, ós rud é gur féidir le hathchóirithe i réimse na cosanta sóisialta agus an chuimsithe shóisialta tacú leis an bhfás eacnamaíoch agus fostaíocht a chur chun cinn.

- Tá nuachóiriú na gcóras cosanta sóisialta agus cuimsithe shóisialta ar siúl faoi láthair i roinnt mhaith Ballstát i gcomhréir le prionsabail an chuimsithe ghníomhaigh, lena n-áirítear béim ar thacaíocht leordhóthanach ioncaim, tacaíocht don lánpháirtiú sóisialta agus do rannpháirtíocht sa mhargadh saothair, mar aon le soláthar seirbhísí inacmhainne ar ardchaighdeán. Chun go n-éireoidh leo, ba cheart go gcuirfí san áireamh sna hathchóirithe sin réimse iomlán na sochar sóisialta agus na seirbhísí sóisialta a thacaíonn le daoine aonair ar feadh a saolré agus ba cheart dóibh an idirghníomhaíocht idir na gnéithe éagsúla tacaíochta ioncaim a chur san áireamh. Leis an gcur chuige comhtháite sin, ba cheart spleáchas ar shochair agus leochaileacht tairbhithe a laghdú, agus acmhainní airgeadais leordhóthanacha a chur ar fáil ag an am céanna chun dul i ngleic leis an mbochtaineacht agus chun tacú le teaghlaigh ar ioncam íseal agus le daoine aonair atá i staid leochaileach.

- Is cuid thábhachtach de na córais náisiúnta cosanta sóisialta agus cuimsithe shóisialta iad scéimeanna ioncaim íosta. I mbeagnach gach tír Eorpach, ní leor iad chun daoine a choinneáil os cionn thairseach na bochtaineachta. Cé gur féidir, le raon leathan sochar comhlántach airgid thirim agus comhchineáil, tacaíocht bhreise a chur ar fáil, i bhformhór na gcásanna bíonn siad sin faoi réir nósanna imeachta breise tástála agus éilimh. Le simpliú agus cuíchóiriú an tsoláthair sochar, ba cheart feabhas a chur ar leordhóthanacht na scéimeanna cosanta ioncaim. Leagadh béim ar innéacsú rialta agus sásraí coigeartaithe uathoibríocha le haghaidh tacaíocht ioncaim i ndáil leis an gcomhthéacs atá ann faoi láthair ina bhfuil boilsciú ard ann.

- Is saincheist thábhachtach do na Ballstáit fós é an chothromaíocht cheart a aimsiú idir leordhóthanacht na sochar sóisialta a áirithiú agus dreasachtaí chun oibre a chruthú. I bhformhór na dtíortha, dearadh na cláir chúnaimh shóisialta chun an tsoláthair sochar a nascadh le bearta gníomhachtúcháin. Chun glacadh oibre a éascú nó chun déine oibre a mhéadú, cuireann roinnt tíortha dreasachtaí airgeadais i bhfeidhm trí dheireadh a chur de réir a chéile le sochair (sásra laghdaithe) ar bhonn sealadach nuair a théann daoine aonair isteach i margadh an tsaothair nó nuair a ghlacann siad páirt in oiliúint poist nó i gcláir oibre poiblí. Sa bhreis ar dhreasachtaí airgeadais, tá bearta bheartas gníomhach mhargadh an tsaothair, lena n-áirítear cláir oiliúna agus uas-scilithe, fóirdheontais phá agus scéimeanna oibre poiblí nó pobail sealadacha ar fáil chun cabhrú le daoine aonair margadh an tsaothair a rochtain. Mar sin féin, ní féidir i gcónaí talamh slán a dhéanamh de rannpháirtíocht faighteoirí ioncaim íosta i mbearta bheartas gníomhach mhargadh an tsaothair agus/nó tá an rannpháirtíocht sin teoranta do obair phoiblí.

- Leagadh béim ar an tsaincheist a éiríonn nuair nach nglactar sochair agus gur gá a fhiosrú cad iad na bacainní agus gur gá meastóireacht tráthrialta a dhéanamh ar na scéimeanna atá ann cheana chun beartais éifeachtacha a dhearadh. Sainaithníodh gurb é an bealach is fearr chun aghaidh a thabhairt ar bhacainní agus chun sochair agus soláthar seirbhísí a fheabhsú ná na córais cosanta sóisialta agus cuimsithe shóisialta a shimpliú a thuilleadh agus trédhearcacht na gcóras cosanta sóisialta, a fhaigheann tacaíocht ó theicneolaíochtaí digiteacha, a fheabhsú.

- Ba cheart iarrachtaí chun feabhas a chur ar chumhdach agus ar leordhóthanacht na gcóras cosanta sóisialta agus cuimsithe shóisialta a chomhlánú trí mhachnamh a dhéanamh ar conas na córais sin a mhaoiniú, toisc gur cheart aghaidh a thabhairt ar bhealach cuimsitheach ar ábhair imní maidir le leordhóthanacht agus inbhuanaitheacht. Cé go bhfuil an chothromaíocht idir foinsí éagsúla maoiniúcháin sonrach do gach Ballstát, ba cheart leanúint de mhachnamh a dhéanamh ar fhoinsí maoiniúcháin nua malartacha.

- Ar deireadh, sainaithníodh an phiarfhoghlaim agus malartú dea-chleachtas agus cineálacha cur chuige nuálacha mar uirlisí an-éifeachtach, a éascaíonn comhthuiscint ar dhúshláin idirghaolmhara agus a thacaíonn le hiarrachtaí athchóirithe na mBallstát.

**3.7. Athchóirithe i réimse an chúraim sláinte**

Ó thosach an tSeimeastair Eorpaigh aithníodh na córais náisiúnta pinsean mar shainréimse d'athchóirithe struchtúracha. I bhfianaise an daonra a bheith ag dul in aois, laghdú a bheith ag teacht ar líon na nEorpach atá in aois oibre, agus éabhlóid a bheith ag teacht ar mhargaí saothair, tá na Ballstáit ag obair ar raon athchóirithe, arb é is aidhm dóibh srian a chur le caiteachas ar phinsin, agus cothroime agus cothromas idirghlúine a gcóras pinsin á gcoinneáil ag an am céanna. Tá na hiarrachtaí chun leordhóthanacht na bpinsean a choimirciú, go háirithe, ag teacht i gceist go mór le blianta beaga anuas, mar a luadh sa Tuarascáil ar Leordhóthanacht na bPinsean, 2021 ón gCoiste um Chosaint Shóisialta agus ón gCoimisiún Eorpach, agus a dearbhaíodh freisin i dTuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht 2022.

Tá tacaíocht do na bearta náisiúnta um athchóiriú pinsean ar fáil ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta. Áirítear sna Pleananna Náisiúnta Téarnaimh agus Athléimneachta (RRP) bearta athchóirithe maidir le pinsin nó sochair íosta seanaoise do cheithre Bhallstát déag[19].

**a. Torthaí cothrománacha na n-athbhreithnithe tírshonracha**

Sa chomhthéacs sin, i mí Feabhra 2023, rinne an Coiste um Chosaint Shóisialta athbhreithniú ar an dul chun cinn a rinne ocht mBallstát i réimse na bpinsean, mar fhreagairt ar mholtaí tírshonracha a eisíodh dóibh in 2022. Bhí formhór na moltaí sin dírithe ar shaincheisteanna inbhuanaitheachta fioscaí, le gnéithe a bhaineann le leordhóthanacht, cothroime agus comhionannas ann do thrí cinn de na tíortha a ndearnadh athbhreithniú orthu, agus tagairtí don ghá le hathchóiriú uileghabhálach ar chóras na bpinsean ann i gcás dhá thír. Fuair formhór na mBallstát a ndearnadh athbhreithniú orthu moltaí tírshonracha ina raibh foclaíocht mórán mar an gcéanna i dtimthriallta an tSeimeastair Eorpaigh roimhe seo, rud a léiríonn cineál fadtéarmach agus struchtúrach na ndúshlán a tugadh faoi deara.

[19] An Bheilg, an Ghearmáin, an Spáinn, an Chróit, an Laitvia, an Liotuáin, Málta, an Ísiltír, an Ostair, an Pholainn, an Rómáin, an tSlóvaic, an tSlóivéin agus an tSualainn.

Léiríodh sa phlé a rinneadh sa Choiste um Chosaint Shóisialta go n-admhaíonn na Ballstáit a ndearnadh athbhreithniú orthu na dúshláin a sainaithníodh agus go bhfuil céimeanna á dtabhairt acu chun aghaidh a thabhairt orthu. Tá raon leathan beart tuairiscithe:

- I bhformhór na mBallstát a ndearnadh athbhreithniú orthu, tá gníomhaíochtaí sonracha á ndéanamh chun staidéar a dhéanamh ar an tsaincheist agus chun freagairt bheartais a ullmhú. Áirítear ar na gníomhaíochtaí sin tuairisciú tréimhsiúil sonrach ar fheidhmiú an chórais pinsean agus bunú coimisiún tiomnaithe chun déileáil le hathchóirithe pinsin (e.g. an tSeicia, an Ghearmáin, Éire, Lucsamburg agus an Ungáir).

- Aithníonn na Ballstáit gur féidir feabhas a chur ar inbhuanaitheacht fhioscach chóras na bpinsean trí rannpháirtíocht mhéadaithe sa mhargadh saothair a chothú i gcoitinne nó trí thacaíocht a thabhairt go sonrach d'fhostú oibrithe scothaosta. Cé nach bhfuil aon bheart eile beartaithe sa chuid is mó de na Ballstáit a ndearnadh athbhreithniú orthu (seachas an Fhrainc) chun an aois scoir reachtúil a ardú, tá bearta á dtabhairt isteach — mar shampla ranníocaíochtaí sóisialta a laghdú, cómhaoiniú, iarrthóirí a mholadh do phoist, oiliúint nó gairmthreoir — chun an aois scoir iarbhír a ardú agus chun scor iarchurtha a spreagadh (an tSeicia, Éire, an Pholainn).

- Mar iarracht ar aghaidh a thabhairt ar na dúshláin inbhuanaitheachta atá rompu, tá bearta á ndéanamh ag roinnt Ballstát chun ioncam an chórais árachais pinsin a mhéadú tríd an ráta ranníocaíochta a ardú agus/nó tríd an mbonn maoiniúcháin a leathnú (an Ghearmáin, Éire). I roinnt de na Ballstáit a ndearnadh athbhreithniú orthu, bunaíodh cistí tiomnaithe chun aghaidh a thabhairt ar easnamh an árachais pinsin (e.g. Lucsamburg).

- Rinneadh iarrachtaí freisin chun cothroime na gcóras pinsean a choinneáil nó a fheabhsú i roinnt de na Ballstáit a ndearnadh athbhreithniú orthu. Tá bearta á ndéanamh chun athchóiriú uaillmhianach uileghabhálach a thabhairt isteach sa Fhrainc agus tá tuilleadh forbartha á dhéanamh ar phinsin cheirde agus phearsanta sa Ghearmáin agus san Ísiltír.

Ba dhíol sásaimh don Choiste um Chosaint Shóisialta na bearta a tuairiscíodh agus tá dearcadh dearfach aige ar na hiarrachtaí a rinne na Ballstáit. Ag an am céanna, léirigh an plé sa Choiste go mbeidh gá le tuilleadh gníomhaíochta chun aghaidh a thabhairt go hiomlán ar riachtanais na moltaí tírshonracha, toisc go bhfuil na bearta a tuairiscíodh fós le cur chun feidhme i roinnt mhaith cásanna, agus i gcásanna eile tá an próiseas reachtach ag céim luath.

**b. Toradh an phlé théamaigh i réimse na bpinsean**

Chomh maith leis na hathbhreithnithe tírshonracha, rinne an Coiste um Chosaint Shóisialta plé cothrománach freisin, agus dhírigh sé ar na *bearta a rinne na Ballstáit uile chun caighdeáin mhaireachtála an daonra atá ar scor a chosaint i gcomhthéacs an bhoilscithe ard agus an chostais fuinnimh.* Tuairiscítear toradh an phlé sin thíos.

In 2022, ba é 9.2 % an ráta boilscithe bliantúil san Eoraip, an leibhéal is airde riamh, nó thart ar 3 huaire níos airde ná mar a bhí in 2021. Tá praghsanna fuinnimh, a mhéadaigh go mór tar éis ionradh na Rúise ar an Úcráin, i measc na bpríomhthiománaithe taobh thiar den bhoilsciú as cuimse, le praghsanna tomhaltóirí le haghaidh tithíochta, uisce, gáis agus leictreachais, ag méadú 18 % in aon bhliain amháin[20].

---

[20] Eurostat, tacar sonraí foinse *prc_hicp_aind*, a aisghabhadh 22.5.2023.

Cé go ndéanann an méadú ar na leibhéil praghsanna difear do gach teaghlach (leochaileach), d'fhéadfadh dúshláin shonracha a bheith ag baint leo i gcás an daonra atá ar scor. I gcomparáid leis an daonra in aois oibre, tá sláinte na bpinsinéirí níos leochailí i gcoitinne. Is lú an smacht agus an tsolúbthacht atá acu freisin maidir le hathruithe a dhéanamh mar fhreagairt ar imthosca athraitheacha, toisc nach féidir leo a nósanna tomhaltais a athrú go héasca ná obair bhreise a ghlacadh chun a n-ioncam a fhorlíonadh. Is iondúil go ndéantar innéacsú pinsean — príomhfhoinse coigeartaithe — tar éis moill áirithe (uair sa bhliain de ghnáth) agus i bhformhór na gcásanna ag leibhéal faoi bhun an fháis pá. Anuas air sin, d'fhéadfadh tionchar an cheartú boilscithe ar phinsin a bheith ag brath freisin ar leagan amach chóras na bpinsean. Bíonn tionchar ar leith ag an méadú ar phraghsanna fuinnimh ar dhaoine scothaosta singile agus ar dhaoine scothaosta atá i mbaol bochtaineachta, agus tá baol níos airde ann go mbeidh siad thíos leis an mbochtaineacht fuinnimh.

Ina theannta sin, dhírigh plé téamach SPC ar bhearta a ghlac na Ballstáit chun caighdeáin mhaireachtála an daonra atá ar scor a chosaint. Dearbhaíodh an méid seo a leanas sa phlé:

- Chuir rialtais ar fud an Aontais tús le bearta beartais chun tionchar na bpraghsanna tráchtearraí agus fuinnimh a bhí ag dul i méid in 2021 a mhaolú, ach d'éiligh an staid tar éis ionradh na Rúise ar an Úcráin go ndéanfaí a bhfreagairt a neartú a thuilleadh.

- Bunaithe ar an ngá a bhí le freagairt thráthúil a thabhairt, bheartaigh formhór na dtíortha gníomhaíochtaí lena dtugtar tacaíocht don phobal i gcoitinne ar dtús, ach cuireadh bearta áirithe de réir tástáil acmhainne i bhfeidhm freisin lena ndírítear ar ghrúpaí leochaileacha sonracha. Meastar gur forbairt dhearfach iad na bearta sin, ós rud é go n-eascraíonn ábhair shuntasacha imní fioscaí as tacaíocht nach bhfuil spriocdhírithe; tá an baol ann nach dtabharfar cúnamh leordhóthanach dóibh siúd is mó a bhfuil gá acu leis agus d'fhéadfadh sé brúnna boilscitheacha breise a spreagadh.

- Is bearta sealadacha iad na bearta nach bhfuil spriocdhírithe, arna dtuairisciú ag na Ballstáit, ach tá bearta déanta ag roinnt Ballstát chun ioncaim a mhéadú trí leibhéal na sochar a mhéadú (lena n-áirítear pinsean neamhranníocach, e.g. an Spáinn) nó trína n-incháilitheacht a leathnú. Thug líon mór tíortha íocaíochtaí isteach chun ioncaim a mhéadú i gcoitinne nó chun billí fuinnimh a chumhdach go díreach. Thug go leor acu fóirdheontais isteach a bhraitheann ar leibhéil tomhaltais leictreachais, gáis nó téimh i gcoitinne le haghaidh shéasúr an gheimhridh. Thug roinnt Ballstát caidhpeanna praghais nó laghdú CBL isteach i dtaca le fuinneamh.

- Maidir leis an daonra atá ar scor go háirithe, ba chuid mhór de fhreagairt bheartais na mBallstát coigeartú a dhéanamh ar na sásraí innéacsaithe pinsean atá ann cheana. Tá sásraí dá leithéid ann ar fud an Aontais; féadfaidh pinsin fás dá mbarr i gcomhréir leis an méadú ar phraghsanna, ar phá, nó meascán den dá cheann. I bhformhór mór na gcásanna, déantar pinsin a innéacsú uair sa bhliain. I roinnt tíortha, déantar nuashonrú urghnách nó sásra innéacsaithe níos fabhraí a ghníomhachtú i gcás ina sáraíonn boilsciú nó fás pá tairseach áirithe (e.g. an tSeicia, Lucsamburg), nó cuirtear forlíonadh isteach má sháraíonn fás OTI leibhéal áirithe (an Ungáir). Mar thoradh ar a dhéine agus a thobainne atá an ghéarchéim reatha costas maireachtála, rinne roinnt Ballstát na bearta innéacsaithe a threisiú nó a chur chun cinn, le héifeacht chúlghabhálach i gcásanna áirithe (e.g. an Fhionlainn, an Ungáir, an Iodáil, an Liotuáin, an Laitvia, Málta, an Rómáin, an tSlóvaic, an tSlóivéin). Le linn na tréimhse reatha ina bhfuil méadú urghnách ar bhoilsciú agus laghdú ar fhíorphá, d’fhéadfadh innéacsú praghsanna a bheith níos fabhraí do phinsinéirí, i gcomparáid le hinnéacsú pá, ach tá costas suntasach airgeadais ag baint leis, áfach, sa chaoi is go mbeidh cothú an mhéid sin ag brath ar an spás fioscach atá ann cheana agus ar na tosaíochtaí náisiúnta.

- Thug roinnt Ballstát bearta breise isteach, nó dhírigh siad cuid dá mbearta ginearálta ar phinsinéirí ar ioncam íseal. Áirítear ar na gníomhaíochtaí sin íocaíochtaí de réir tástáil acmhainne nó ioncaim (an Chróit, an Pholainn, an Danmhairg); forlíontaí ar na pinsin is ísle (an Chipir); an 13ú pinsean míosúil (an Pholainn agus an Ungáir) agus an 14ú pinsean míosúil de réir tástáil acmhainne (an Pholainn) a thabhairt isteach nó a thabhairt isteach an athuair; liúntais tithíochta agus/nó forlíonadh téimh a thabhairt isteach nó a mhéadú sa chás gurb ann dóibh cheana (an tSeicia, an Fhionlainn, an tSualainn, Éire agus an tSlóivéin).

Ar deireadh, dearbhaíodh sa phlé, i bhfianaise a dhéine atá an ghéarchéim costas maireachtála, go bhféadfaí tuilleadh plé a dhéanamh maidir le raon feidhme na mbeart tacaíochta arna mbeartú nó arna gcur chun feidhme ag na Ballstáit i gcomhthéacs ghníomhaíochtaí foghlama frithpháirtí SPC.

## 3.8. Athchóirithe i réimse an chúraim sláinte

Téann an dea-shláinte chun sochair fholláine na ndaoine agus tá sí riachtanach don fhás inbhuanaithe fadtéarmach eacnamaíoch agus sóisialta. Le linn phaindéim COVID-19, leagadh béim ar na srianta atá ann ar chórais sláinte na hEorpa, agus treisíodh an gá atá le feabhas a chur ar a bhfeidhmiú agus ar a n-ullmhacht i ndáil le cásanna géarchéime a d’fhéadfadh a bheith ann amach anseo. Mar fhreagairt air sin, thug roinnt Ballstát faoi athchóirithe chun córais sláinte níos athléimní a chothú, fiú nuair a bhí an phaindéim fós ag titim amach in 2021 agus 2022.

Áirítear ar na hiarrachtaí athchóirithe atá ar bun ag na Ballstáit bearta chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin a bhaineann leis an bpaindéim (mar shampla saoráidí sláinte a uasghrádú agus acmhainneachtaí sláinte poiblí a fheabhsú), chomh maith le bearta chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin struchtúracha a bhaineann le rochtain ar chúram sláinte agus ganntanas lucht saothair. Rinneadh méadú an-suntasach ar chaiteachas ar chúram coisctheach in 2020 (26 %), cé gur bonnlíne íseal a bhí sa sciar den bhuiséad roimhe sin (faoi bhun 3 % den chaiteachas iomlán ar chúram sláinte in 2019) agus gurb iad na bearta freagartha i ndáil le géarchéim COVID-19 is cúis leis den chuid is mó.

Cuireann an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta tacaíocht shuntasach ar fáil do na hiarrachtaí athchóirithe náisiúnta. Chuige sin, áirítear i bPleananna Náisiúnta Athchóirithe agus Athléimneachta gach ceann de na 27 mBallstát infheistíochtaí tiomnaithe le haghaidh athchóirithe cúraim sláinte, infheistíochtaí ar fiú breis agus 43 bhilliún Euro iad ina n-iomláine.

**a. Torthaí cothrománacha na n-athbhreithnithe tírshonracha ar chúram sláinte**

In 2022 eisíodh Moladh Tírshonrach a bhaineann le cúram sláinte chuig ocht mBallstát. Is moltaí iltoiseacha iad ina gclúdaítear raon saincheisteanna: thug ceithre mholadh aghaidh ar dhúshláin sa chúram príomhúil (an Ghréig, an Pholainn, an Ungáir, an Liotuáin), chomh leis an gcúram coisctheach (an Ungáir, an Liotuáin) agus an glacadh le r-shláinte (an Pholainn). Leag dhá mholadh béim ar ábhair imní maidir le leordhóthanacht agus comhionannas (an Ghréig, an Laitvia); dhírigh moladh amháin ar ghanntanas lucht saothair (an Ísiltír); dhírigh moladh eile ar chomhtháthú na seirbhísí sláinte agus sóisialta (an Eastóin); agus dhírigh moladh eile ar an inbhuanaitheacht fhioscach (an tSlóivéin). Ós rud é go bhfuil tagairtí i dtrí cinn de na moltaí do réimsí beartais gaolmhara eile (cúram fadtéarmach don Eastóin agus don tSlóivéin, agus cosaint shóisialta don Laitvia), rinne an Coiste athbhreithniú orthu mar chuid de na seisiúin thiomnaithe maidir le cúram fadtéarmach agus maidir le cosaint shóisialta agus cuimsiú sóisialta.

Léis na hathbhreithnithe tírshonracha maidir le cúram sláinte, léiríodh an méid seo a leanas:

- Aithníonn na Ballstáit ilghnéitheacht na ndúshlán atá roimh a gcórais cúraim sláinte agus aithníonn siad an gá atá le cur chuige iomlánaíoch. Aithníodh a thábhachtaí atá líontáin sábhála chun rochtain ar chúram sláinte a chur ar fáil do na daoine is leochailí, chomh maith leis an ngá straitéiseach atá le comhordú éifeachtúil idir córais shóisialta agus córais cúraim sláinte, i measc na leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil.

- Tá na tíortha a ndearnadh athbhreithniú orthu ag díriú go leor dá n-iarrachtaí ar bhearta coisctheacha agus ar chur chun cinn na sláinte (an Ungáir, an Liotuáin, an Pholainn), chomh maith le feabhas a chur ar rialachas an chórais sláinte agus ar an soláthar cúraim phríomhúil (an Ungáir, an Ghréig, an Liotuáin). Tá an teilileigheas agus réitigh dhigiteacha eile á leathadh amach freisin (an Liotuáin, an Pholainn). Ní hamháin go bhféadfadh na hiarrachtaí sin feabhas a chur ar inrochtaineacht an chúraim agus torthaí sláinte níos fearr a chur chun cinn don phobal, ach d'fhéadfaí an gá atá le pearsanra speisialaithe leighis agus cúram costasach ospidéil a laghdú freisin. I gcás teilileighis, tá gá le haird leanúnach a thabhairt ar an deighilt dhigiteach a bhaineann le scileanna digiteacha teoranta agus saincheisteanna rochtana TF, go háirithe i measc úsáideoirí scothaosta nó úsáideoirí ó chúlra leochaileach. D'fhéadfadh sé gur gá leanúint den soláthar measctha seirbhísí digiteacha agus fisiciúla sláinte chun rochtain ar chúram sláinte ardcháilíochta a chur chun cinn do chách.
- Tá brú breise á chur ag aosú an daonra agus ag an méadú ar an éileamh ar sheirbhísí cúraim sláinte ardcháilíochta ar ghanntanais atá ann cheana agus ar éagothromaíochtaí réigiúnacha maidir leis an bhfáil atá ar lucht saothair sláinte. Tá bearta á ndéanamh ag formhór na mBallstát a ndearnadh athbhreithniú orthu (an Ungáir, an Ghréig, an Liotuáin) chun tarraingteacht ghairm an leighis a fheabhsú trí dhálaí oibre a fheabhsú, pá a mhéadú, nó dreasachtaí eile nach dreasachtaí airgeadais iad a chur ar fáil, mar shampla deiseanna oiliúna chun pearsanra breise leighis a mhealladh agus pearsanra reatha a choinneáil ar bhealach níos fearr. Aithníonn an Ísiltír go bhféadfadh sé nach mbeadh méadú suntasach breise ar líon na n-oibrithe leighis inbhuanaithe go fioscach san fhadtéarma agus tá sí ag díriú ar tháirgiúlacht an lucht saothair a mhéadú, lena n-áirítear trí éifeachtúlachtaí eagraíochtúla a lorg agus teicneolaíochta a ghiaráil. Aithníodh a thuilleadh gur den ríthábhacht soláthar seirbhísí a atreorú ó ospidéil go dtí an cúram príomhúil, chomh maith le straitéisí níos éifeachtaí chun an tsláinte a chur chun cinn agus galair a chosc, chun aghaidh a thabhairt ar shaincheist an lucht saothair ar bhealach inbhuanaithe.

- Is ag céimeanna luatha dá gcur chun feidhme atá sraith mhór de na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí a tuairiscíodh, lena bhféadfaí aghaidh a thabhairt ar na dúshláin atá fós gan réiteach.. Meastar go mbeidh tionchar na n-athchóirithe sin le sonrú sna tréimhsí atá le teacht, mar sin beidh gá le faireachán agus meastóireacht leanúnach, d'fhonn tuilleadh coigeartuithe a thabhairt isteach freisin, de réir mar is gá.

**b. Toradh an phlé théamaigh i réimse an chúraim sláinte**

Mar chuid dá obair i ndáil leis an Seimeastar, ghlac SPC páirt i bplé cothrománach freisin inar díríodh ar phríomhghnéithe na n-athchóirithe a rinneadh le déanaí agus atá á ndéanamh faoi láthair maidir le rochtain ar chúram meabhairshláinte, go háirithe maidir le bearta coisctheacha agus seirbhísí pobail cúraim meabhairshláinte a sholáthar, foireann oilte a bheith ar fáil agus cistiú. Bhí tuairiscí cothrománacha ón gCoimisiún Eorpach agus ón bhFaireachlann Eorpach Sláinte, chomh maith le cás-staidéar arna chur i láthair ag an bPortaingéil, mar bhonn leis na bplé.

Léiríodh an méid seo a leanas sa phlé:

- Aithníonn na Ballstáit go bhfuil tionchar suntasach sóisialta ag saincheisteanna meabhairshláinte. Bíonn tionchar diúltach ag droch-mheabhairshláinte ar fholláine fhoriomlán agus ar cháilíocht saoil na ndaoine aonair. D'fhéadfadh fadhbanna sláinte fisiciúla a bheith mar thoradh uirthi agus d'fhéadfadh tionchar diúltach a bheith aici ar idirghníomhaíochtaí sóisialta, ar fheidhmíocht oideachais agus ar fheidhmíocht poist. Ina theannta sin, d'fhéadfadh costas suntasach eacnamaíoch a bheith ag baint le meabhairghalar, costas a bhaineann le caillteanas táirgiúlachta, spleáchas méadaithe ar chláir leasa shóisialaigh, chomh maith le hidirghabhálacha costasacha cúraim sláinte.

- Meastar go bhfuil tinneas meabhairshláinte inchoiscthe den chuid is mó. Tá go leor de na tosca riosca as a n-eascraíonn sé — mar shampla an bhochtaineacht, féichiúnas, dífhostaíocht, stíl mhaireachtála mhíshláintiúil nó rochtain ar thithíocht — lasmuigh de raon feidhme an chórais sláinte, rud a thugann le fios go bhfuil gá le cur chuige comhtháite trasearnála maidir le saincheisteanna meabhairshláinte.

- Mar thoradh ar phaindéim COVID-19, chuaigh meabhairshláinte an daonra in olcas ar bhealach nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe sin. Mar thoradh ar an scaradh sóisialta agus ar shrianta eile a thug na Ballstáit isteach chun leathadh an víris a chosc, tháinig laghdú ar na deiseanna a bhí ann idirghníomhú go sóisialta, rud a mhéadaigh an t-uaigneas agus an scoiteacht i measc go leor daoine[21]. Mar thoradh ar dhothuarthacht fhoriomlán na paindéime agus ar an éagobhsaíocht mhéadaithe eacnamaíoch agus an éiginnteacht mhéadaithe airgeadais a d'eascair as, tháinig méadú ar líon na ndaoine aonair a thuairiscigh ciapadh síceolaíoch agus siomptóim an dúlagair agus na himní[22]. Ag an am céanna, chuir an phaindéim isteach ar inrochtaineacht na tacaíochta meabhairshláinte agus chuir sí leis an nganntanas lucht saothair a bhí ann cheana, rud a d'fhág go raibh tréimhsí feithimh fada, riaráistí agus méadú ar na riachtanais cúram leighis nár freastalaíodh orthu ar fud na hEorpa. Chuidigh an glacadh luathaithe le huirlisí teilileighis mar straitéis maolaithe dhírigh mar fhreagairt ar an bpaindéim le cuid den ualach a laghdú, lena n-áirítear maidir le rochtain ar chúram meabhairshláinte.

- Bhí bearta á ndéanamh ag Ballstáit an Aontais chun feabhas a chur ar an rochtain ar chúram agus ar thacaíocht roimh thús phaindéim COVID-19, fiú, cé gur cuid de na Pleananna Náisiúnta Téarnaimh agus Athléimneachta iad go leor de na bearta atá á ndéanamh faoi láthair nó atá beartaithe. Tá tús curtha ag roinnt Ballstát le hathchóirithe fadtéarmacha trasearnála agus tá céimeanna á dtabhairt acu chun seirbhísí meabhairshláinte a chomhtháthú sa chúram príomhúil chun inrochtaineacht agus éifeachtúlacht a fheabhsú. Tá iarrachtaí leanúnacha á ndéanamh freisin chun cúram meabhairshláinte a aistriú ó shuíomhanna institiúideacha go dtí an cúram pobalbhunaithe, lena n-áirítear trí fhoirne meabhairshláinte pobail agus seirbhísí um idirghabháil i gcás géarchéime a fhorbairt.

---

21 Eurofound, Nivakoski, S., Ahrendt, D., Mascherini, M., et al., *Living, working and COVID-19 (Update April 2021) : mental health and trust decline across EU as pandemic enters another year* [*Maireachtáil, obair agus COVID-19 (Nuashonrú Aibreán 2021): meabhairshláinte agus meath ar mhuinín ar fud an Aontais de réir mar a théann paindéim isteach i mbliain eile*], Oifig Foilseachán, 2021.

22 Eurofound (2022), *Fifth round of the Living, working and COVID-19 e-survey: Living in a new era of uncertainty*, [*An cúigiú babhta den ríomhshuirbhé maidir le cónaí, obair agus COVID-19: Ag maireachtáil i ré nua na héiginnteachta*], Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, Lucsamburg.

- Glacadh roinnt céimeanna breise le linn na paindéime. Dhírigh a lán Ballstát ar fhéinchúram agus ar litearthacht mheabhairshláinte a fheabhsú trí thairseacha faisnéise nua a fhorbairt agus/nó trí línte tacaíochta teileafóin a chur ar bun a thug comhairle maidir le déileáil le cúrsaí an tsaoil nó a dhírigh ar an bhféinmharú a chosc. Rinneadh iarrachtaí breise chun cumhdach a leathnú trí rialacha aisíocaíochta a athrú agus trí theidlíocht ar sheirbhísí meabhairshláinte a mhéadú freisin. Cuireadh dlús le hoiliúint pearsanra breise leighis agus i roinnt tíortha, cuireadh oiliúna ar fáil maidir le bunscileanna síceolaíocha d'oibrithe sláinte. Lasmuigh den chóras leighis, chuidigh na bearta a rinneadh ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta chun poist agus ioncaim a chosaint, agus chun cabhrú leis an aistriú chuig obair ón mbaile, chuidigh siad sin le tacú le hioncaim agus le meabhairshláinte an phobail oibre araon.

- As seo amach, aithníonn na Ballstáit go bhfuil gá le tuilleadh iarrachtaí chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna meabhairshláinte, chomh maith leis an ngá atá le sonraí níos fearr agus faireachán feabhsaithe ar thionchar na mbeart beartais a thugtar isteach. Aithnítear go forleathan ábharthacht an choisc agus na luath-idirghabhála maidir le haghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna meabhairshláinte, agus cuireann roinnt Ballstát feachtais feasachta poiblí agus cláir luath-idirghabhála chun feidhme chun riochtaí meabhairshláinte a shainaithint agus a chóireáil go luath. Mar iarracht chun feabhas a chur ar inniúlachtaí mothúchánacha agus sóisialta leanaí agus chun tuiscint fhoriomlán ar fholláine shíceolaíoch a chothú ag aois óg, tá bearta á dtabhairt isteach ag roinnt Ballstát maidir le cur chun cinn na meabhairshláinte i scoileanna. Aithnítear freisin a thábhachtaí atá sé go mbeadh geallsealbhóirí éagsúla, mar shampla eagraíochtaí sochaí sibhialta, iadsan agus othair agus a dteaghlaigh chomh maith, rannpháirteach i bhforbairt beartas agus seirbhísí meabhairshláinte. An rannpháirtíocht sin, d'fhéadfadh sí a bheith ina cuidiú chun a áirithiú go bhfreastalaíonn na beartais agus na seirbhísí sin ar riachtanais daoine aonair a bhfuil riochtaí meabhairshláinte orthu.

- Aithníodh go bhfuil ganntanais lucht saothair ar cheann de na príomhbhaic a bhaineann le cúram agus tacaíocht meabhairshláinte éifeachtach atá ar ardchaighdeán a chur ar fáil dóibh siúd a bhfuil gá acu leis. Chun aghaidh a thabhairt ar na ganntanais sin, beidh gá le cur chuige cuimsitheach, lena n-áirítear iarrachtaí chun tarraingteacht na gairme a mhéadú, tuilleadh deiseanna oiliúna a chur ar fáil, agus iarrachtaí chun an meascán scileanna a mhéadú, lena n-áirítear trí oiliúint shíceolaíoch bhunúsach a chur ar oibrithe sóisialta agus sláinte. D'fhéadfadh forbairt na teileashláinte agus samhlacha nuálacha cúraim eile cabhrú freisin chun aghaidh a thabhairt ar ghanntanais lucht saothair.

**3.9. Athchóirithe i réimse an chúraim fhadtéarmaigh**

Mar a cuireadh i bhfios go láidir i dtuarascáil 2021 ar chúram fadtéarmach ó SPC agus ón gCoimisiún Eorpach[23] agus sa Straitéis Eorpach um Chúram, meastar go dtiocfaidh méadú mór ar an éileamh ar sheirbhísí inacmhainne sláinte agus cúraim fhadtéarmaigh ar dhea-chaighdeán mar thoradh ar aosú phobal na hEorpa, tráth a mbeidh níos lú daoine in aois oibre ar fáil chun na seirbhísí sin a sholáthar nó a mhaoiniú.

Le paindéim COVID-19, nochtadh na laigí sistéamacha atá sna córais náisiúnta cúraim sláinte. Chuir rátaí arda mortlaíochta i saoráidí cúraim fhadtéarmaigh, deacrachtaí maidir le leanúnachas cúraim a áirithiú agus drochthionchar foriomlán ar fholláine daoine scothaosta agus cúramóirí béim ar an ngá atá ann aghaidh a thabhairt ar na dúshláin struchtúracha agus athléimneacht na gcóras cúraim fhadtéarmaigh a fheabhsú. Chuige sin, ní mór breithniú cúramach a dhéanamh ar chúinsí leordhóthanachta agus inbhuanaitheachta, ós rud é go meastar go mbeidh cúram fadtéarmach ar cheann de na hítimí caiteachais shóisialta is tapúla atá ag dul i méid.

[23] *2021 Long-term Care Report* [Tuarascáil 2021 ar Chúram Fadtéarmach].

Le *Moladh* 2022 *ón gComhairle maidir le rochtain ar an gcúram fadtéarmach inacmhainne ar ardchaighdeán*[24], leagtar síos an creat le haghaidh athchóirithe agus infheistíochtaí amach anseo, agus le cistiú ón Aontas, go háirithe CSE+ agus an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, cuirtear deiseanna maoiniúcháin ar fáil. Baineann na Ballstáit úsáid fhorleathan as na deiseanna sin, agus bearta athchóirithe maidir le cúram fadtéarmach á gcur san áireamh i pleananna náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta 18 dtír[25], arb ionann iad agus méid iomlán de EUR 7.3 billiún. Déanfar faireachán ar an dul chun cinn a dhéantar maidir leis an Moladh seo a chur chun feidhme i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh agus an Mhodha Oscailte Comhordúcháin maidir le Cosaint Shóisialta agus Cuimsiú Sóisialta.

**a. Torthaí cothrománacha na n-athbhreithnithe tírshonracha ar chúram fadtéarmach**

Mar chuid dá chuid oibre faoin Seimeastar Eorpach, i mí an Mhárta 2022, rinne SPC athbhreithniú ar fheidhmíocht ceithre thír (an Ostair, an Bheilg, an Eastóin agus an tSlóivéin) le moltaí tírshonracha i réimse an chúraim fhadtéarmaigh. Cé go bhfuil ábhair imní maidir le hinbhuanaitheacht fhioscach go suntasach i ngach ceann de na ceithre moltaí tírshonracha, áirítear freisin i raon feidhme beartais na moltaí arna n-eisiúint gnéithe na leordhóthanachta, infhaighteacht na suíomhanna cúraim éagsúla, inacmhainneacht, cáilíocht, mar aon le comhtháthú an chúraim sláinte agus an chúraim fhadtéarmaigh. Díríonn an cúigiú moladh tírshonrach, a eisíodh don Pholainn, ar chúram fadtéarmach a sholáthar i gcomhthéacs rannpháirtíocht na mban i margadh an tsaothair agus rinneadh athbhreithniú air i gcomhpháirt leis an gCoiste Fostaíochta.

[24] Moladh ón gComhairle maidir le rochtain ar chúram fadtéarmach inacmhainne ar ardchaighdeán.

[25] An Ostair, an Bheilg, an Bhulgáir, an Chipir, an tSeicia, an Eastóin, an Spáinn, an Fhrainc, an Chróit, an Iodáil, an Liotuáin, an Laitvia, an Pholainn, an Phortaingéil, an Rómáin, an tSualainn, an tSlóvaic, an tSlóivéin.

Léis na hathbhreithnithe tírshonracha, léiríodh an méid seo a leanas:

- Go bhfuil bearta á ndéanamh ag gach ceann de na Ballstáit a ndearnadh athbhreithniú orthu chun feabhas a chur ar sholáthar cúraim fhadtéarmaigh ar dhea-chaighdeán atá leordhóthanach agus inbhuanaithe go fioscach, i gcomhthéacs daonra atá ag dul in aois. Ós rud é go bhfuil go leor de na bearta tuairiscithe fós le cur chun feidhme, nó go bhfuil siad tar éis a bheith i bhfeidhm ar feadh tréimhse an-ghearr, ba cheart leanúint de mheasúnú a dhéanamh ar a n-éifeachtacht agus ar a dtionchar fioscach. Ina theannta sin, tá go leor de na bearta a thuairiscítear dírithe ar aghaidh a thabhairt ar dhúshláin shonracha na gcóras cúraim fhadtéarmaigh seachas ar athruithe sistéamacha a shaothrú.

- Maidir leis na hiarrachtaí chun inbhuanaitheacht na gcóras cúraim a fheabhsú, áirítear leo athruithe reachtacha atá dírithe ar na difríochtaí réigiúnacha sa rochtain a rialáil agus aghaidh a thabhairt orthu (san Ostair, san Eastóin) nó ar athchóiriú a dhéanamh ar an gcóras árachais sláinte agus cúraim fhadtéarmaigh (sa tSlóivéin). Áirítear leis na creataí rialála a bhunaigh an Bheilg caighdeán fáis caiteachais nó díríonn siad ar aghaidh a thabhairt ar an neamhréir idir soláthar cúraim chónaithe agus riachtanais an chúraim sin.

- Tuairiscítear go ndírítear níos mó ar cháilíocht níos fearr agus cineálacha malartacha cóiríochta a áirithiú do dhaoine scothaosta, lena n-áirítear trí infheistíochtaí atá beartaithe chun an t-aistriú ó chúram institiúideach go cúram pobalbhunaithe a fheabhsú (an Ostair, an Bheilg, an tSlóivéin); trí chaighdeáin cháilíochta náisiúnta a ullmhú (an tSlóivéin), nó íoschaighdeáin le haghaidh cúram baile a bhunú, chomh maith le forbairt treorach agus sainmhínithe do róil na rialtas láir agus áitiúil faoi seach (an Eastóin). Cuid thábhachtach d'iarrachtaí na hOstaire is iad *na haltraí pobail*, atá ainmnithe mar dhaoine teagmhála lárnacha agus a bhfuil sé de chúram orthu na hidirghníomhaíochtaí idir daoine agus soláthraithe cúraim a éascú.

- Leagadh béim ar dhúshláin an lucht saothair (an Ostair, an Bheilg), agus tá aghaidh á tabhairt orthu trí bhearta tacaíochta do dhaoine a bhfuil oiliúint tosaigh á cur orthu san altranas agus i réimse an chúraim, feabhas a chur ar a tharraingtí atá an obair in earnáil an chúraim fhadtéarmaigh (an Ostair), agus bearta uas-scilithe agus athscilithe (an Eastóin), sin agus cineálacha éagsúla tacaíochta a chur ar fáil do chúramóirí neamhfhoirmiúla. Tugtar aird ar leith freisin ar acmhainneacht na digiteála agus réitigh nuálacha eile.

**b. Toradh an phlé théamaigh i réimse an chúraim fhadtéarmaigh**

Leagadh amach an plé téamach sa réimse beartais sin le cur i láthair ar an staidéar ar *Long-term care social protection models in the EU* [Samhlacha cosanta sóisialta cúraim fhadtéarmaigh san Aontas]. Déantar iniúchadh sa staidéar sin ar leitheadúlacht na seirbhísí foirmiúla, i gcomparáid le bheith ag brath ar chúram neamhfhoirmiúil, chomh maith leis na módúlachtaí éagsúla a bhaineann le hidirghabháil stáit (sochair airgid thirim agus seirbhísí). Fuair sé amach gurb iad na samhlacha a sholáthraíonn an cumhdach is fearr do riachtanais an chúraim fhadtéarmaigh iad siúd a bhíonn ag brath ar sholáthar poiblí láidir, agus go mbíonn ról lárnach ag soláthar comhchineáil. Ar an taobh eile den scéal, baineann idirghabháil theoranta stáit le rátaí ísle cumhdaigh agus le baol méadaithe bochtaineachta agus eisiaimh shóisialta do dhaoine scothaosta a bhfuil riachtanais chúraim fhadtéarmaigh acu.

Sa chomhthéacs sin, dhírigh an plé téamach in SPC ar rochtain ar sheirbhísí cúraim fhadtéarmaigh ardcháilíochta inacmhainne a áirithiú, agus bunriachtanas na hinbhuanaitheachta á chur san áireamh, sin agus an chothromaíocht idir soláthar seirbhísí cúraim fhoirmiúil agus cúram neamhfhoirmiúil á cur san áireamh:

- D'ainneoin ilchineálacht na gcóras náisiúnta cúraim fhadtéarmaigh san Eoraip, agus difríochtaí suntasacha ann maidir le heagrú, soláthar agus maoiniú an chúraim fhadtéarmaigh ar fud na mBallstát, tá dúshláin choiteanna fós ann i dáil le rochtain, inacmhainneacht, cáilíocht agus lucht saothair.

- Tá gá le réimse athchóirithe éagsúla chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin. I bhfianaise na nasc láidir idir cúram fadtéarmach agus cosaint shóisialta, cúram sláinte agus fostaíocht, tá gá le gníomhaíochtaí cuimsitheacha agus trasearnálacha. Léiríodh gur gnéithe riachtanacha den mheascán beartais iad cuir chuige choisctheacha agus an luath-idirghabháil, comhtháthú idir cúram fadtéarmach agus cúram sláinte príomhúil, sin agus seirbhísí an chúraim fhadtéarmaigh a spriocdhíriú ar bhealach níos fearr trí chur chuige duinelárnach.

- Freastal ar an éileamh méadaitheach ar chúram fadtéarmach - tá sé sin ag brath go mór ar líon leordhóthanach cúramóirí oilte a bheith ar fáil. Is dócha go dtiocfaidh laghdú ar infhaighteacht cúraim neamhfhoirmiúil mar thoradh ar athruithe i struchtúr an teaghlaigh agus ar rannpháirtíocht mhéadaithe na mban sa lucht saothair. Cé go bhféadfadh sé go leor post a chruthú, tá drochdhálaí oibre, pá íseal agus ráta athraithe ard lucht saothair mar shainthréithe ag an gcúram fadtéarmach faoi láthair. Sa chomhthéacs sin, sainaithníodh gur príomhréimse gníomhaíochta é a tharraingtí atá earnáil an chúraim a mhéadú, lena n-áirítear trí dhálaí oibre níos fearr agus pá níos airde, sin agus oiliúint. D’fhéadfadh sé go mbeidh gá le bearta breise chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais na gcúramóirí neamhfhoirmiúla, mar shampla creidmheasanna cúraim, tacaíocht mheabhairshláinte agus saoire faoisimh a sholáthar. Ós rud é gur mná iad formhór mór na n-oibrithe, chomh maith le formhór mór na gcúramóirí neamhfhoirmiúla, tacaíonn bearta chun dálaí oibre na hearnála a fheabhsú freisin le comhionannas inscne.

- Tá gá freisin le gníomhaíochtaí chun a áirithiú gur féidir leo siúd atá i ngátar rochtain a fháil ar chúram gan ualach airgeadais míchuí a bheith ann. Chuige sin, tá céimeanna á nglacadh ag roinnt tíortha chun cúram fadtéarmach foirmiúil a bhunú mar chuid dá gcóras cosanta sóisialta. Gan an chosaint sin, ní bheadh costais iomlána an chúraim fhadtéarmaigh inacmhainne do go leor Eorpach.

- Tá iarrachtaí á ndéanamh ag na Ballstáit freisin chun costéifeachtacht sheirbhísí cúraim a mhéadú, lena n-áirítear trí úsáid a bhaint as teicneolaíochtaí nua agus trí dhíriú ar bhearta luath-idirghabhála agus coisctheacha. Is gné thábhachtach de na cláir oibre athchóirithe náisiúnta í an chothromaíocht cheart a áirithiú idir samhail cúraim chónaithe agus straitéisí maidir le haosú san áit ina bhfuil tú, lena n-áirítear cúram baile agus cúram pobalbhunaithe. D'fhéadfadh sé sin tionchar dearfach a imirt ar fholláine an duine aonair, agus ag an am céanna costéifeachtacht an chaiteachais a mhéadú. Ag an am céanna, táthar ag súil go dtiocfaidh méadú ar sciar na ndaoine scothaosta leochaileacha mar thoradh ar aosú dhaonra na hEorpa, agus go mbeidh gá comhfhreagrach le cúram i suíomh cónaithe, mar sin tá gá le measúnú cúramach a dhéanamh ar na riachtanais a bheidh ann amach anseo chun a ráthú go gcomhlíonfaidh na hinstitiúidí a n-oibleagáidí i leith daoine scothaosta.

- Dearbhaíodh sa mhalartú freisin gur gá feabhas a chur ar cháilíocht agus infhaighteacht sonraí, ionas go mbeifear in ann beartais agus bearta éifeachtacha a cheapadh chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais cúraim fhadtéarmaigh daonra atá ag dul in aois. Chuige sin, leanfaidh SPC, trína mheitheal tháscach, de bheith ag obair leis an gCoimisiún ar chomhtháscairí de chuid an Aontais a fhorbairt maidir le cúram fadtéarmach agus go háirithe i ndáil le creat táscairí a bhunú chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme an Mholta ón gComhairle maidir le rochtain ar chúram fadtéarmach inacmhainne ar ardchaighdeán.

**Iarscríbhinní:**

1. **An toradh a bhí ar na hAthbhreithnithe Tírshonracha 2023 a rinne an Coiste Fostaíochta**
2. **An toradh a bhí ar na Athbhreithnithe Tírshonracha 2023 a rinne SPC**
3. **An toradh a bhí ar na hAthbhreithnithe Comhpháirteacha Tírshonracha 2023 a rinne an Coiste Fostaíochta agus SPC**